

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Tuarascáil Bhliantúil 2019

Clár Ábhar

Clár Ábhar	2
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	3
Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí	4
- Aitheasc ón gCathaoirleach	4
- Comhaltas Bhord BOOLI Eanáir - Meitheamh 2019	5
- Speansais Chomhaltaí Boird BOOLI 2019	6
- Comhaltas Bhord BOOLI Iúil - Nollaig 2019	7
- Speansais Chomhaltaí Boird BOOLI 2019	8
Comhaltas agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta	9
Comhaltas agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Airgeadais	10
Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí	
- Príomh-staitisticí	11
- Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh	12
- Suíomh Sheirbhísí BOOLI	13
- Cairt Eagrúcháin BOOLI	15
- Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna Straitéiseacha BOOLI	16
Tuarascáil 2019 Tuarascáil ar Scoileanna 2019	18
Seirbhísí Ógra	27
Tuarascáil 2019 Breisoideachais agus Oiliúna (BOO)	29
Tuarascáil 2019 Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin (TFE)	35
Ráitis Airgeadais	40
Aguisín 1 Freastal ar Chruinnithe Chomhaltaí Boird BOOLI	42
Aguisín 2 Freastal ar Chruinnithe Chomhaltaí Choiste BOOLI	44



Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach
An Dr Christy Duffy,
Príomhfheidhmeannach BOOLI

Deis atá i dTuarascáil Bhliantúil 2019 BOOLI machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag BOOLI le bliain anuas, agus é a chur i láthair. Bliain ina ndearna BOOLI forbairt shuntasach a bhí in 2019 agus sinn ag gluaiseacht i dtreo na spriocanna arna leagan amach inár Ráiteas Straitéise 5 bliana a bhaint amach. Cé nach bhfuil athrú ar luachanna misin agus spriocanna na heagraíochta, feicimid go bhfuil BOOLI ag feidhmiú i dtimpeallacht atá ag éirí níos casta agus níos casta, ina bhfuil a línte tuairiscithe agus cuntasachta ag gach ceann de na réimsí soláthair seirbhíse ag dul trí phróiseas athchóirithe.

Sampla de sin, gur réimse fáis agus forbartha in BOOLI ár bhfreagracht as Obair Ógra. Cé go leagtar amach an fhreagracht reachtúil atá orainn i leith obair ógra san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, rinneadh athruithe suntasacha ar an tslí a bhfuil sin á cur i bhfeidhm in 2019. Rinneamar caidreamh mór leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i rith na bliana. Foilsíodh ár gcéad Phlean maidir le hObair don Ógra 2019-2022 chomh maith.

Forbairt eile a tharla i rith na bliana, gur éirigh le hiarratas BOOLI ar Music Generation agus táimid ar an bpríomh-chomhpháirtí don chlár nua Music Generation sa Longfort. Táimid ag súil le bheith ag obair le Comhairle Contae Longfoirt agus lenár gcomhpháirtithe eile agus seirbhís nua á tabhairt againn d'ógra an Longfoirt sna blianta amach romhainn.

Ceapadh bord nua do BOOLI in 2019 chomh maith. Aithnímid agus is mór againn an obair a rinne an bord roimhe seo, sa chéad téarma iomlán do bhord eagraíocht nua BOOLI i dtréimhse ina ndearnadh aistriú agus athrú mór. Agus sinn ag gluaiseacht i dtreo chéim forbartha eile, táimid ag súil leis an tslí a gcabhróidh ár mbord nua le sinn a threorú agus a stiúradh maidir leis an bhfás agus leis an athchóiriú sin.

A handwritten signature in black ink that reads "Christy Duffy". The signature is written in a cursive style.

Christy Duffy

Príomhfheidhmeannach BOOLI



Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Aitheasc ón gCathaoirleach

Is é an tráth den bhliain le breathnú siar go mórtasach ar an obair agus ar na héachtaí atá bainte amach ag Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI). Is mór an onóir dom é an tuarascáil bhliantúil seo a chur faoi do bhráid.

Sainchúram forleathan atá ar BOOLI mar eagraíocht reachtúil agus freagrachtaí orainn as Scolaíocht Dara Leibhéal, seirbhísí don Ógra agus seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) sa dá chontae. Tá sé de dhualgas orainn mar Bhord na beartais agus na straitéisí ábhartha uile i bhfeidhm chun na deiseanna oideachais is fearr a sholáthar dár ndaonra mac léinn d'fhonn iad a ullmhú don ghairm bheatha is mian leo tabhairt fúithi. Tá freagrach ollmhór orainn freisin a chinntiú go bhfuil ár scoileanna agus ár n-oifigí ar an gcaighdeán is airde dár mac léinn agus dár mbaill foirne.

Bhain ár mic léinn barr feabhais amach anuraidh ina scileanna acadúla, spóirt agus ceoil. Is a bhuíochas do thiomantas den scoth agus do shár-chaighdeán oideachais ár mball foirne é sin. Is léiriú é an t-éileamh méadaithe ar ár seirbhís BOO ar shárobair na foirne maidir le cúrsaí nua agus spreagúla a sholáthar dá gcuid mac léinn chun freastal ar riachtanais fostóirí.

Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, an Dr. Christy Duffy, lena fhoireann bainistíochta go léir agus le gach duine i bhfoirne riaracháin agus teagaisc struchtúr iomlán BOOLI as a dtiomantas agus a ndíograis leanúnach don oideachas agus don oiliúint.

I ndiaidh na dtoghchán i mí Bealtaine seo caite, toghadh Bord nua chuig BOOLI. Is mian liom an deis seo a thapú buíochas ó chroí a ghabháil le comhaltaí an Bhoird a tháinig roimhe as an obair iontach a rinne siad chun tacú lenár mac léinn.

Mar fhocal scoir, is mian liom aitheantas agus buíochas a chur in iúl don obair a dhéanann mo chomhghleacaithe ar an mBord reatha a oibríonn go díograiseach agus go neamhleithliseach, le fuinneamh gan staonadh, chun na deiseanna oideachais is fearr is féidir a sholáthar do na mic léinn go léir laistigh de struchtúr BOOLI.

A handwritten signature in cursive script that reads "Cllr. Frankie Keena". The signature is written in dark ink on a white background.

An Comhairleoir Frankie Keena,
Cathaoirleach BOOLI

Comhaltaí Boird BOOLI Eanáir - Meitheamh 2019

Ainm

An Comhairleoir Seamus Butler (Leas-Chathaoirleach)
 An Comhairleoir Sorca Clarke
 An tAth. Paul Connell
 An Comhairleoir Una D'Arcy
 An Comhairleoir MichaelDollard
 An Comhairleoir Tom Farrell
 An tUas. Declan Flanagan
 An Comhairleoir Ken Glynn
 Celine Kearney Medforth Uas.
 An Comhairleoir Frankie Keena (Cathaoirleach)
 An Comhairleoir Liam McDaniel
 Pauline Smyth Uas.
 An tUas. Mark Murphy
 Tess Murphy Uas. (tháinig in áit James O' Keeffe Márta 2019)
 An Comhairleoir Peggy Nolan
 An tUas. James O' Keeffe (d'éirigh as Ean. 2019)
 An tUas. Pat O'Rourke
 An Comhairleoir Pat O'Toole
 An Comhairleoir Mae Sexton
 An Comhairleoir Emily Wallace
 Denise Watkins Uas.

Comhlacht Ainmniúcháin

Arna thoghadh ag Comhairle Contae an Longfoirt
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Ionadaí Foirne
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Ionadaí Tuismitheoirí
 Ionadaí Tuismitheoirí
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae an Longfoirt
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae an Longfoirt
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae an Longfoirt
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae an Longfoirt
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Ionadaí Foirne

Dátaí Cruinnithe Bhord BOOLI Eanáir - Meitheamh 2019
22 Eanáir, 2019
26 Feabhra, 2019
26 Márta, 2019

*Is féidir teacht ar Fhreastal ar Chruinnithe na gComhaltaí Boird in Aguisín 1

Speansais Chomhaltaí Boird BOOLI Eanáir - Meitheamh 2019

Comhalta Boird	Cruinnithe Reachtúla €	Míleáiste Bhoird Agallaimh €	Freastal ar Chomhdhá lacha/ Seimineáir €	Eile €	Speansais Bhoird Agallaimh €	Líon Cruinnithe Boird ar Freastalaíodh Orthu Eanáir - Meith. 2019
An Comhairleoir Seamus Butler	39	0	0	0	0	3/3
An Comhairleoir Sorca Clarke	0	0	0	0	848	2/3
An tAth. Paul Connell	0	0	0	0	565	2/3
An Comhairleoir Una D'Arcy	0	0	0	0	0	3/3
An Comhairleoir Michael Dollard	0	0	0	0	707	3/3
An Comhairleoir Tom Farrell	197	175	0	0	707	3/3
An tUas. Declan Flanagan	0	0	0	0	0	3/3
An Comhairleoir Ken Glynn	0	0	0	0	0	2/3
Celine Kearney Medforth Uas.	243	0	0	41	0	2/3
An Comhairleoir Frankie Keena	37	181	98	0	707	3/3
An Comhairleoir Liam McDaniel	0	0	0	0	0	2/3
An tUas. Mark Murphy	107	0	0	0	0	2/3
Tess Murphy Uas.	0	0	0	0	0	1/1
An Comhairleoir Peggy Nolan	121	0	0	0	0	2/3
An tUas. Patrick O' Rourke	190	231	0	0	565	2/3
An Comhairleoir Pat O' Toole	0	0	0	0	424	3/3
An Comhairleoir Mae Sexton	108	0	0	72	0	1/3
Pauline Smyth Uas.	74	0	0	0	0	1/3
An Comhairleoir Emily Wallace	0	0	0	0	141	2/3
Denise Watkins Uas.	82	0	0	0	0	2/3
Iomlán	1,198	587	98	113	4,664	

Comhaltaí Boird BOOLI Iúil - Nollaig 2019

Ainm

An tUas. Luke Casserly
 An tUas. Donie Cassidy
 An Comhairleoir Aoife Davitt
 An Comhairleoir John Dolan
 An Comhairleoir Michael Dollard
 Josephine Donohue Uas.
 Niamh Ginnell Uas.
 An Comhairleoir Ken Glynn
 An Comhairleoir Gerry Hagan
 An tUas. Colm Harte
 An Comhairleoir Louise Heavin
 An Comhairleoir Frankie Keena (Cathaoirleach)
 An Comhairleoir Denis Leonard
 Kathleen McGahern Uas (tháinig in áit Caroline
 Murphy D.F. 2019)
 Caroline Murphy Uas. (d'éirigh as M.F. 2019)
 An tUas. Mark Murphy
 An Comhairleoir Garry Murtagh
 An Comhairleoir Peggy Nolan
 Mary O'Brien Uas.
 An Comhairleoir Pat O'Toole (Leas-Chathaoirleach)
 An Comhairleoir Emily Wallace
 An tUas. Colin Whyte

Comhlacht Ainmniúcháin

Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae an Longfoirt
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Ionadaí Tuismitheoirí
 Ionadaí Tuismitheoirí
 Ionadaí Tuismitheoirí
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae an Longfoirt
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae an Longfoirt
 Ionadaí Foirne
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae an Longfoirt
 Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí
 Ionadaí Foirne

Dátaí Cruinnithe Boird BOOLI Iúil - Nollaig 2019
30 Iúil, 2019 Cruinniú i ndiaidh an toghcháin
30 Iúil, 2019 Dara Cruinniú
24 Meán Fómhair, 2019
15 Deireadh Fómhair, 2019
18 Samhain, 2019

Speansais Comhaltaí Boird BOOLI Iúil - Nollaig 2019

Comhalta Boird	Cruinnithe Reachtúla €	Míleáist e Cruinnit he Boird €	Freastal ar Chomhdhá lacha /Seimineáir €	Eile €	Speansai s Boird Agallaim h €	Líon cruinnith e Boird ar Freastala íodh orthu Iúil - Noll. 2019
An tUas. Luke Casserly	0	0	0	0	0	2/3
An tUas. Donie Cassidy	0	0	0	0	0	3/3
An Comhairleoir Aoife Davitt	0	0	0	0	0	5/5
An Comhairleoir John Dolan	0	0	0	0	0	5/5
An Comhairleoir Michael Dollard	80	0	0	0	1413	5/5
Josephine Donohue Uas.	0	0	0	0	0	2/3
Niamh Ginnell Uas.	88	0	93	0	0	3/3
An Comhairleoir Ken Glynn	81	0	0	0	0	5/5
An Comhairleoir Gerry Hagan	0	0	0	0	0	5/5
An tUas. Colm Harte	0	0	0	0	0	3/3
An Comhairleoir Louise Heavin	0	0	0	0	0	4/5
An Comhairleoir Frankie Keena	285	1157	0	405	1978	5/5
An Comhairleoir Denis Leonard	0	0	0	0	0	5/5
Kathleen McGahern Uas.	64	0	0	95	0	1/2
Caroline Murphy Uas.	0	0	0	0	0	1/1
An tUas. Mark Murphy	107	0	0	0	0	3/4
An Comhairleoir Garry Murtagh	94	0	0	47	0	5/5
An Comhairleoir Peggy Nolan	121	0	0	0	0	5/5
Mary O' Brien Uas.	177	0	72	0	0	5/5
An Comhairleoir Pat O' Toole	272	343	0	0	946	5/5
An Comhairleoir Emily Wallace	0	0	0	0	0	1/5
An tUas. Colin Whyte	0	0	0	0	0	5/5
Iomlán	1,369	1,500	165	547	4,337	

Comhaltas agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta

Faoi alt 45.1 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, tá ceanglas ar BOOLI na nithe seo a leanas a bhunú:

(a) coiste (dá tagraítear san Acht seo mar "choiste airgeadais") chun scrúdú a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais a bhaineann leis an mbord agus tuairisc a dhéanamh leis an mbord ina leith, agus

(b) coiste (dá tagraítear san Acht seo mar "choiste iniúcháireachta") chun cabhrú leis an mbord a fheidhmeanna iniúcháireachta inmheánaí a dhéanamh.

Comhaltas an Choiste Iniúcháireachta (Eanáir - Meitheamh 2019)
An tUas. Gerard Quirke (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Sorca Clarke
An tUas. Stephen Kerr
An tUas. Thomas McDermott
An tUas. Pat O' Rourke
An tUas. James O' Keeffe (d'éirigh as Eanáir 2019)
An Comhairleoir Tom Farrell (tháinig in áit James O'Keeffe)

Dátaí Cruinnithe 2019
10 Eanáir, 2019
31 Eanáir, 2019
18 Feabhra, 2019
20 Márta, 2019

Comhaltas an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (Iúil - Nollaig 2019)
An tUas. Gerard Quirke (Cathaoirleach)
An tUas. Donie Cassidy
An tUas. John Duffy
An Comhairleoir Gerry Hagan
Kathleen McGahern Uas.
An tUas. Pat O' Rourke

Dátaí Cruinnithe 2019
5 Nollaig, 2019

*Is féidir teacht ar Fhreastal ar Chruinnithe Chomhaltai an Choiste in Aguisín 2

Comhaltas agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Airgeadais

Comhaltas an Choiste Airgeadais (Eanáir - Meitheamh 2019)
An Comhairleoir Michael Dollard (Cathaoirleach)
An tUas. Hugh Farrell
Ann Nugent Uas.
An Comhairleoir Pat O'Toole

Dátaí Cruinnithe 2019
18 Feabhra, 2019
19 Márta, 2019

Comhaltas an Choiste Airgeadais (Iúil - Nollaig 2019)
An Comhairleoir Michael Dollard (Cathaoirleach)
An Comhairleoir John Dolan
An tUas. John Duffy
An tUas. Hugh Farrell
Ann Nugent Uas.
An Comhairleoir Pat O'Toole

Dátaí Cruinnithe 2019
03 Nollaig, 2019

* Is féidir teacht ar Fhreastal ar Chruinnithe Chomhaltaí an Choiste in Aguisín 2

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Príomh-Staitisticí

Scoileanna



Seirbhísí	An Líon Príomhshuíomhanna	An Líon Rannpháirtithe
Mic Léinn iar-bhunscoile	8	3209
Mic Léinn iar-Ardteistiméireachta	2	262
Cúrsaí Oíche Féinmhaoinitheacha	1	591
Iomlán	11	4062

Breisoideachas agus Oiliúna



Seirbhísí	An Líon Príomhshuíomhanna	An Líon Tairbhíthe
Breisoideachas agus Oiliúna	10	8,711
Seirbhís Treorach do Dhaoine Fásta	3	3,651
Iomlán	13	12,362

Seirbhísí don Ógra



Seirbhísí	An Líon Príomhshuíomhanna	An Líon Tairbhíthe (tuairim)
Clubanna faoi cheannas Oibríthe Deonacha	40	1,700
Tionscadail/seirbhísí faoi cheannas Foirne	10	3,000
Iomlán	50	4,700

Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh


Le hIonstraim Reachtúil 542 de 2009, tá ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí tuairisc a thabhairt ar bhonn bhliantúil ar an bhfuinneamh a úsáideann siad agus ar na gníomhartha a dhéanann siad chun ídiú a laghdú. Baineadh amach méadú ar éifeachtúlacht trí bhíthin bainistiú struchtúrtha fuinnimh, uasghráduithe ar fhoirgnimh agus ar áiseanna, soláthar fuinnimh níos fearr trí bhíthin athrú iompraíochta laistigh den eagraíocht.

Tá BOOLI ag iarraidh laghduithe ar an úsáid fuinnimh a bhaint amach i gcónaí agus tá faisnéis ar gach scoil, ionad agus oifig curtha ar aghaidh chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), mar a éilítear.

Tá 34.4% á bhaint amach ag BOOLI faoi láthair. 33% an sprioc do 2020.

Féach an léaráid thíos ina léirítear coigilteas fuinnimh BOOLI go dtí 2018, de réir fhigiúr bunlíne 2009.

Since Baseline to 2018



Energy Performance Indicators - 2018



8.8% worse than 2017

34.4% better than baseline


2.1% better than 2020 target

10.1% better than target 'glidepath'


Level 2 Energy Performance Indicators (2018)

Electricity = 981 $\frac{\text{kWh}}{\text{No. full time pupils}}$	5.4% better than 2017
Thermal = 614 $\frac{\text{kWh}}{\text{No. full time pupils}}$	43.0% worse than 2017
Transport = 0 $\frac{\text{kWh}}{\text{No. full time pupils}}$	0.0% worse than 2017

Suíomhanna Sheirbhísí BOOLI




Suíomhanna Sheirbhísí BOOLI	
<p>Scoileanna</p> <p>1 Ardscoil Phádraig, Gránard 2 Coláiste Pobail Átha Luain 3 Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin 4 Coláiste Pobail Bhaile na gCros 5 Coláiste Columba, Chill Liúcainne 6 Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag 7 Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr 8 Coláiste Pobail Theampall Mhichíl</p>	<p>Breisoideachas agus Oiliúna</p> <p>15 Ionad BOO Bhaile Átha Luain 16 Ionad BOO Bhaile Uí Mhatháin 17 Ionad BOO Ghránard 18 Ionad BOO an Longfoirt 19 Ionad BOO an Mhuilinn Chearr</p>
<p>9 Iar-bhunscoil St. Anthony, Baile Átha Luain</p>	<p>20 Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain</p>
<p>Soláthar iar-Ardeistiméireachta</p> <p>12 Coláiste Pobail an Muilinn Chearr 13 Coláiste Theampall Mhichíl, an Longfort</p>	<p>Ogtheagmhail agus SDOG</p> <p>21 Ogtheagmháil Bhaile Uí Mhatháin 22 Ogtheagmháil Dhealbhna 23 Ogtheagmháil Chill Bheagáin 24 Ogtheagmháil an Longfoirt 25 SDOG Bhaile Átha Luain 26 SDOG an Longfoirt 27 SDOG an Mhuilinn Chearr</p>
<p>14 Ceannoifig BOOLI, An Muileann gCearr</p>	<p>28 Oifig an Longfoirt</p>



Miondealú ar Fhoireann BOOLI 2019

Catagóir	Iomlán
Múinteoirí Iar-bhunscoile	433
Múinteoirí/Teagascóirí Breisoideachais agus Oiliúna	223
Foireann Riaracháin	120
Comhordaitheoirí / Cinn na nIonad	21
Oibríthe Acmhainne	12
Foireann Cothabhála	30
Foireann Tacaíochta (CRS)	62
Scrúduithe	71
Fíordheimhnitheoir Seachtrach	15
Comhaltaí Boird	28
Iomlán	1,015

Cairt Eagrúcháin BOOLI



Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna Straitéiseacha BOOLI

D'fhorbair BOOLI 'Ráiteas Straitéise 2017 – 2022' in 2017, mar a éilítear faoi Alt 27 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise sin na spriocanna agus na cuspóirí ardleibhéal do Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hlarmhí don chúig bliana amach romhainn. Is é an Ráiteas Straitéise an bonn agus an cúlra iomchuí chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhain BOOLI amach i rith 2019. Leagtar amach an creat sa tuarascáil bhliantúil seo do gach ceann de na ceithre réimse seo; Scoileanna, Seirbhísí Ógra, Breisoideachas agus Oiliúint agus TFE.

ÁR bhFÍS

Seirbhísí gairmiúla oideachais agus oiliúna ardcháilíochta, agus fuinniúla, a aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a fhorbairt agus a sholáthar

ÁR MISEAN

Seirbhísí oideachais agus oiliúna dinimiciúla, éagsúla agus nuálacha a sholáthar

Ár Luachanna



ÁR SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA 2017-2022

Spríoc 1	Seirbhísí oideachais agus oiliúna ardcháilíochta, foghlaimoirlárnacha a sholáthar
Spríoc 2	Eispéiris agus torthaí d'fhoghlaimoírí a fheabhsú
Spríoc 3	Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chothú
Spríoc 4	Forbairt ar struchtúir eagrúcháin éifeachtacha a bhrú chun cinn
Spríoc 5	Tacú le cultúr forbartha leanúnaí i measc na foirne

Tuarascáil 2019 - Scoileanna

Spríoc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna ardcháilíochta, foghlaimeoirí a sholáthar

1.1 Chairt d'Fhoghlaimeoirí a chruthú do BOOLI

I ndiaidh taighde mór a dhéanamh ar Chairt d'Fhoghlaimeoirí a fhorbairt do BOOLI, tá dreacht Chairt d'Fhoghlaimeoirí tugtha chun críche. Leagtar amach sa chairt seo an méid is féidir le foghlaimeoirí a bheith ag súil leis ó sheirbhísí BOOLI agus an méid is féidir le BOOLI a bheith ag súil leis ó rannpháirtithe ar feadh na gclár go léir. Scaipeadh an dréacht deiridh den Chairt d'Fhoghlaimeoirí ar cheannairí scoile, ar cheannairí BOO, ar bhaill foirne, ar mhic léinn agus ar ionadaithe Líonra na gCumann Tuismitheoirí, chun aiseolas a fháil ar a bhfuil sa dréacht.

Tá na leasuithe deiridh á ndéanamh anois agus cuirfear an leagan deiridh den Chairt d'Fhoghlaimeoirí amach ansin.

1.2 Straitéis Teagasc agus Foghlama BOOLI a Fhorbairt

Tá taighde mór déanta ag BOOLI ar dhoiciméad dar teideal 'Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí – Prionsabail don Oideachas agus don Oiliúint'. Forbraíodh dréachtdhoiciméad ina leagtar amach treoirphrionsabail maidir le Cén Fáth, Cén Duine, Cén Rud agus Cá hÁit a mbímid ag teagasc, chomh maith le spríoc BOOLI d'oideoirí. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an dréachtdhoiciméad faoi láthair. I ndiaidh é a thabhairt chun críche, scaipfear é ar gach clár lena chur i bhfeidhm.

Príomhréimse in 2019 is ea TFC a chur i bhfeidhm go leanúnach chun torthaí teagasc agus foghlama ardchaighdeáin do mhic léinn a chur chun cinn. Tá forbairt déanta ar dhréachtdhoiciméad tosaigh dar teideal 'Straitéis Faisnéise agus Teicneolaíochta – Straitéis maidir le Teagasc agus Foghlaim na Faisnéise agus na Teicneolaíochta do Scoileanna agus do Bhreisoideachas agus Oiliúint' agus tá athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair ag foireann bainistíochta sinsearaí BOOLI. Leagtar spríocanna soiléire do BOOLI amach sa dréachtdhoiciméad sin maidir le bonneagair ardchaighdeáin a sholáthar do TFC ar fud na heagraíochta agus chun oiliúint agus forbairt ábhartha a sholáthar don fhoireann go léir.

1.3 Pleanáil agus comhordú clár

Leanadh le rolladh amach chur i bhfeidhm chlár na Sraithe Sóisearaí nua i ngach scoil BOOLI. I measc na ngearrchúrsaí a soláthraíodh i rith 2019 bhí OSSP, Corpoideachas, Códú.

Clár Cultúir Scoileanna:

Cuireann BOOLI deiseanna ar fáil chun cur le foghlaim agus eispéiris mac léinn trí bhíthin raon leathan clár cultúir agus seach-churaclaim a sholáthar do mhic léinn. Cuireann BOOLI deiseanna ar fáil do mhic léinn páirt a ghlacadh i dturais thar sáile. I rith 2019, thug Coláiste Columba Chill Liúcainne 43 mhac léinn go dtí an Bheilg agus 23 mhac léinn go dtí Barcelona. Chuaigh Coláiste Pobail Átha Luain ar thuras haca chuig Seville, sa Spáinn. Ghlac Coláiste Breisoideachais Theampall Mhichíl páirt i gclár Malairte Erasmus Exchange agus thaistil 20 mac léinn go Tenerife in 2019.

I measc na dturas eile a rinneadh i rith na bliana bhí Ceardlann Roddy Doyle, Ceardlanna Scríbhneoireachta Cruthaithí, Turais Éiceolaíochta, Ard-Mhúsaem Shaol na Tuaithe, Músaem Stair an Dúlra, an Zú, an Amharclann, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Páirc Foraoise Loch Cé, Comhdháil na nÓg, Baile Átha Luain, Feasacht faoin Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain, Babhláil, Scátáil Oighir, Dáil Eireann, cuideachtaí agus gnólachtaí áitiúla, Lá Faisnéise faoin Lár-Oifig Iontrála, Facebook, Tráth na gCeist na gComhar Creidmheasa, Féile Aisling, Tionscadal LEADER an Longfoirt, Líonra BSL, Turas Allamuigh go Binn Éadair, Brat Glas, Teach Bhéal na mBuillí, An Dánlann Náisiúnta, Gael Breatach, Macbeth, Seimineáir Chomhairle Mic Léinn,

Comhairle na nÓg, An Trisl, Turas na hIdirbhliana - Béal Feirste, An Gaeltacht, Babhláil, Scátáil Oighir, RSA.

Comórtais:

Ghlac BOOLI páirt i ngníomhaíochtaí iomaíocha éagsúla mar chuid dá scoilbhliain. Áiríodh orthu sin: Eolaí Óg B, Scifest, Concern, Soroptomist, Gael Linn, Fiontraihte Óga, Comórtas Fiontair Chontae, comórtas An Todhchaí a Mhúnlú – Priontáil 3T agus Innealtóireacht Comórtas na Nuálaithe Sóisialta Óga, Éiceaghairdín Chontae na hIarmhí.

Buaiteoirí Duaiseanna:

Ardcoil Phádraig: Cispheil Lár Tíre na gCailíní – Boinn Airgid

Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain: Comórtas *Soroptimist* – 1^ú Duais

Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin: Comórtas Aistriúcháin na Spáinnise – 1^ú Duais

Coláiste Columba Chill Liúcainne: Scifest – Catagóir Shinsearach 1^ú Duais, Catagóir Shóisearach 1^ú Duais, Catagóir Chothaithe sa Chomórtas *Scifest* 1^ú Duais, Craobhchomórtas Badmantain Shinsearaigh Faoi 16 na hIarmhí – 1^ú Duais.

Craobhchomórtas Laighean Faoi 16 – 1^ú Duais. Éiceaghairdín na hIarmhí – 1^ú Áit.

Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag: 2^ú hÁit – Catagóir Shóisialta agus Iompraíochta agus Ardmholadh faighte ag 2 mhac léinn as a dtionscadail. Foireann Shóisearach Fichille (Cailíní) 3^ú hÁit.

1.4 Dearbhú cáilíochta a sholáthar (Foirne Dearbhú Cáilíochta a bhunú i ngach earnáil chun soláthar agus torthaí cáilíochta a chinntiú 2018 – 2020

Feidhmíonn an Stiúrthóir Scoileanna ina comhalta de Ghrúpa Maoirseachta Cáilíochta BOOLI, grúpa a thugann tacaíocht ó thaobh torthaí cáilíochta do mhic léinn ar chlár BOO a chur i bhfeidhm. D'fhreastail sí ar 8 gcruinniú i rith 2019.

Feidhmíonn ceannairí ó Choláiste Pobail an Mhuilinn Chearr agus ó Choláiste Pobail Theampall Mhichíl as Ghrúpa Maoirseachta Cáilíochta nuabhunaithe agus sa Ghrúpa um Rialachas Clár agus tugann siad tacaíocht do sholáthar Iar-Ardeistiméireachta agus do thorthaí ina scoileanna. Tionóladh Seisiún Faisnéise faoi Dhearbhú Cáilíochta in Ionad Oilíúna Bhaile Átha Luain an 10 Aibreán 2019. Tugadh an t-eolas ba dhéanaí faoi chórais Dearbhú Cáilíochta BOOLI, faoi thabhairt isteach an Ghrúpa Maoirseachta Cáilíochta, an Ghrúpa um Rialachas Cáilíochta agus an Ghrúpa um Rialachas Clár .

1.5 Freagraí nuálacha ar riachtanais reatha agus ar riachtanas a bheidh ann sa todhchaí a shainaithint

Tá foireann Caidrimh Fiontair á forbairt faoi láthair. Bunaíodh Grúpaí Líonra BOOLI agus áirítear orthu Líonra na dTreoirchomhairleoirí, an Fhoireann Teagmhálaithe Baile agus Scoile, an Líonra Riaracháin Scoile, agus Líonra na bhFeighlithe agus na nGlantóirí.

Bunaíodh na grúpaí sin lena chur ar chumas na foirne dea-chleachtas a roinnt agus smaointe nuálacha a fhorbairt i ngach gné de scoileanna BOOLI. Reáchtáil gach scoil Laethanta Oscailte i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2019, lena tugadh cuireadh do mhic léinn féideartha agus a dteaghlach cuairt a thabhairt ar na scoileanna agus casadh leis an bhfoireann. Ghlac soláthróirí Iar-Ardeistiméireachta BOOLI páirt i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm Phlean Feidhmiúcháin BOOLI maidir le Féinmheastóireacht agus Feabhsú Cáilíochta. Cuireadh tús leis an bpróiseas Athchumrú don Éagsúlacht i mbunscoileanna in 2018. Tá tús le cur fós leis an gCéim Feidhmiúcháin mar gheall go bhfuil BOOLI ag fanacht ar threoir bhreise ón ROS. Freastalaíonn an Stiúrthóir Scoileanna ar Fhóram na Stiúrthóirí Scoileanna gach mí, áit ar tugadh nuashonruithe amhail faisnéis faoi roghanna athlonnaíochta do mhúinteoirí i Scoileanna Náisiúnta Phobail (SNP), leithdháilte foirne agus comórtais phátrúnachta. Tá foilseacháin maidir le scoileanna SNP le fáil ar láithreán gréasáin SNP agus ar láithreán gréasáin BOOLI.

Sprioc 2: Eispéiris agus torthaí d'fhoghlaim agus a fheabhsú

2.1 Aiseolas ó fhoghlaim agus ó thuismitheoirí

Aiseolas ó Fhoghlaim:

Sheol BOOLI forbairt ar Ghuth an Mhic Léinn ar feadh na scoileanna go léir. Thug BOOLI tacaíocht don tionscnamh seo trí bhíthin saineolas Denise Kelly Uasal, Seirbhís Sainchomhairleoireachta Oideachais, a fháil chun tús a chur le rolladh amach an tionscnaimh agus chun treoir a chur ar fáil don fhoireann agus do mhic léinn maidir leis an tábhacht a bhaineann le guth an mhic léinn inár scoileanna go léir. Chuir Denise Kelly Uasal seisiún faisnéise i láthair do cheannairí scoile Dé hAoine an 29 Samhain agus thug breac-chuntas ar thábhacht an tionscnaimh seo agus ar an tslí a bhféadfaidh scoileanna tacú le daoine óga a dtuairimí a roinnt agus a bheith ina n-ambasadóirí dá gcuid scoileanna.

Cuireadh tús le huirlisí chun tacú le rannpháirtíocht agus le sásraí chun aiseolas ardchaighdeán a fháil ó mhic léinn, mar chuid den tionscadal seo.

Aiseolas ó Thuismitheoirí:

I ndiaidh caidreamh a dhéanamh le Cumann Tuismitheoirí gach scoile, bunaíodh Líonra Cumann Tuismitheoirí BOOLI ar bhonn píolótach ar feadh bliana amháin. Cuir an Stiúrtóir Scoileanna cruinniú tosaigh faisnéise i láthair an 22 Bealtaine 2019 ina leagadh amach réasúnacht an líonra. D'fhreastail 5 ionadaí ar scoileanna BOOLI ar an gcruinniú - 1 x ACC, 1 x APG, 1 x CCK, 2 x MCC. Rinne BOOLI teagmháil le Cathaoirleach Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí chun tacaíocht don ghrúpa nuabhunaithe a fháil. Tionóladh an dara cruinniú Dé Luain an 7 Deireadh Fómhair. Forbraíodh Téarmaí Tagartha don ghrúpa. Shainaithin an líonra 2 thionscadal a d'fhéadfaí a fhiosrú le súil agus iad a chur i bhfeidhm san Earrach 2020. Beidh mar chuid lárnach de na tionscadail sin córais, uirlisí agus sásraí a bhunú chun aiseolas agus ionchur a fháil ó thuismitheoirí amach anseo.

Ag teacht le riachtanais an RGCS maidir le faisnéis faoi fholláine agus dul chun cinn mac léinn, tá scoileanna ag leanúint ar aghaidh le comhfheagras a dhéanamh le gach tuismitheoir, mac léinn agus Bord Bainistíochta agus le treoir, prótacail agus sásraí a sholáthar chun aiseolas ó thuismitheoirí mhic léinn atá níos sine ná 18 mbliana d'aois a éascú. I ndiaidh Bord BOOLI nua a bhunú i Meitheamh 2019, ceapadh Boird Bhainistíochta nua i ngach scoil BOOLI. Dhaingnigh bord BOOLI na boird sin ag cruinniú an 15 Deireadh Fómhair 2019 i mBaile Marlainn agus fanfaidh siad i bhfeidhm chomh fada agus a mhaireann Bord BOOLI.

2.2 Foghlaim Le cuidiú TFC

Chuir BOOLI infheistíocht shuntasach ar fáil chun bonneagar TFC a fhorbairt agus a uasghrádú i ngach scoil. I measc na dtionscadal i rith 2019 bhí:

Uasghrádú an líonra i gColáiste Pobail an Mhuilinn Chearr, i gColáiste Columba Chill Liúcainne agus i gColáiste Pobail Bhaile na gCros. Soláthraíodh 191 ríomhaire glúine, 6 thralaí luchtaithe, 47 iPad, 150 ríomhaire pearsanta, 8 ríomhaire deisce DCG, Cláir Bhána Idirghníomhacha, teilgeoirí agus córais teileafóin nua i ngach scoil.

Leanadh le FGL don fhoireann in 2019 in úsáid Office 365, SharePoint agus One Note. Ghlac gach scoil páirt i 'Laethanta Clinic TFC' a cuireadh i láthair i ngach scoil don fhoireann.

2.3 Ionchuir a rianú agus a thuairisciú

Straitéisí Tinrimh:

Tá tús curtha ag scoileanna BOOLI le raon straitéisí tinrimh, agus forbairt déanta orthu, chun tinreamh mac léinn i scoileanna a spreagadh. Áirítear orthu baill foirne sinsearach a ainmniú chun spriocanna agus straitéisí a leagan amach do shnáitheanna mar a leagtar síos sa Phlean DEIS, córais bhainistíochta scoile a úsáid chun rianú a dhéanamh ar phatrúin maidir le bheith déanach, teagmháil rialta le tuismitheoirí, caidreamh le hoifigigh leasa oideachais, agus Gradaim Tinrimh Mhíosúla. Tá uirlisí á bhforbairt faoi láthair chun uirlisí rianaithe a cheapadh d'fhonn rath na straitéisí tinrimh i scoileanna BOOLI a thomhas, bliain ar bhliain.

Coinneáil:

Tá stádas DEIS ag 7 scoil BOOLI. Ag teacht le pleanáil DEIS, cuireann scoileanna roinnt

straitéisí i bhfeidhm chun tacú le rátaí coinneála i scoileanna. Áirítear orthu sin caidreamh leis an tseirbhís Treoir Scoile Uile agus na cláir TSCS, an Idirbhliain, ATF, GCAT agus *Stepping over to Secondary* (cúnamh do mhic léinn aistriú ón mbunleibhéal go dtí an dara leibhéal) a sholáthar. I measc tacaíochtaí scoile eile tá pearsanra Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail, an Clár Críochnaithe Scolaíochta, Foireann Cúnaimh, treoirchomhairleoir, béilí scoile, clubanna bricfeasta, clubanna dinnéir agus staidéar i ndiaidh na scoile. Déantar monatóireacht agus rianú ar rátaí coinneála iar- Ardeistiméireachta ar bhonn míosúil lena chinntiú go dtugtar tacaíocht do mhic léinn fásta má bhíonn fadhbanna acu le tinreamh. Tá mic léinn cláraithe ar an gcóras PLSS chun críche monatóireachta.

Gnóthachtáil:

Chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal níos leithne, ceanglaíonn BOOLI ar gach scoil torthaí scrúduithe scoile don tSraith Shóisearach agus don Ardeistiméireacht a chur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Scoileanna. Cur i bhfeidhm straitéisí AFL chun rannpháirtíocht dhearfach mac léinn a chinntiú, difreáil, aiseolas ardchaighdeán i scríbhinn, anailís leanúnach ar thorthaí i ngach scoil, leagan amach follasachspriocanna, clár TSCS, tástáil DATS/CATS, tráthnónta faisnéise do thuismitheoirí, SCP.

Forchéimniú:

Forbraíodh Teimpléid Thuairiscithe ar an bhForchéimniú agus scaipeadh iad ar threoirchomhairleoirí i scoileanna BOOLI i rith Mheán Fómhair 2019. Is éard is aidhm leis na tuairiscí sin forléargas a thabhairt ar chonairí forchéimnithe do na mic léinn a fhágann ár scoileanna gach bliain. Rinne 409 mac léinn an Ardeistiméireacht in 2019. As na 409 mac léinn sin, chuaigh 167 díobh ar aghaidh chuig oideachas 3^ú leibhéal, chláraigh 101 díobh ar chúrsaí Iar-Ardeistiméireachta, chuaigh 21 díobh ar aghaidh chuig printíseachtaí, chuaigh 39 díobh díreach chuig an bhfostaíocht, roghnaigh 13 díobh an Ardeistiméireacht a athdhéanamh, ghlac 27 díobh bliain shaor, d'fhág 3 Éire chun filleadh ar a dtíortha dúchais, tá 2 ag staidéar thar lear agus chuaigh 3 isteach sa tseirbhís mhíleata. Níor shainithin an chuid eile de na mic léinn a gconair forchéimnithe.

Gradaim:

Ag Gradaim Bhliantúla BOOLI don Sármhaitheas Acadúil, bronnadh onóir do 14 mhac léinn Ardeistiméireachta as na torthaí acadúla ab airde a bhaint amach ina scoileanna faoi seach. Tionóladh an searmanas gradam sa Park Hotel, An Muileann gCearr, Dé hAoine an 6 Meán Fómhair. Bhronn an Príomhfheidhmeannach babhla criostail greanta ar gach mac léinn in ómós dá ghnóthachtáil.

Tacaíochtaí do Mhic Léinn:

Cuireann scoileanna BOOLI seirbhísí tacaíochta leanúnacha ar fáil do mhic léinn. Áirítear ar na tacaíochtaí sin Teagascóir Ranga, treoirchomhairleoir, Teagmhálaí Baile agus Scoile agus tacaíochtaí tréadacha.

Tugtar tacaíocht do mhic léinn atá ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iarbhunscoil trí bhithin tionscnaimh do leanaí an 6ú bliain agus trí bhithin an Clár um Chríochnú Scoile, nuair a bhíonn fáil air.

I ndiaidh mholadh ón Líonra Treoirchomhairleoirí, forbraíodh fillteáin saincheaptha brandáilte chun tacú le treoirchomhairleoirí sa bhainistiú mac léinn, chun comhleanúnachas agus caighdeánú a sholáthar maidir le taifid a choimeád i scoileanna BOOLI. Scaipeadh na fillteáin sin ar na scoileanna go léir.

Déanann an Stiúrthóir Scoileanna rianú ar chigireachtaí scoileanna gach bliain. Áiríodh ar na cigireachtaí a rinneadh i scoileanna BOOLI in 2019:

Ardscóil Phádraig, Gránard: Grafaic Theicniúil agus Grafaic Dheartha agus Chumarsáide - Márta, Cigireacht Ábhair - 28 Samhain 2019.

Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain: Grafaic Dheartha agus Chumarsáide agus Grafaic Theicniúil 24 Eanáir 2019.

Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin: Cigireacht Ábhair – Miotalóireacht agus Innealtóireacht 30 Eanáir 2019.

Coláiste Pobail Bhaile na gCros: Cigireacht Ábhair – Miotalóireacht agus Innealtóireacht 17 Eanáir 2019.

Coláiste Columba Chill Liúcainne: Cigireacht Theagmhasach, 22 Deireadh Fómhair.

Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag: Cigireacht, 7 Márta.

Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr: Cigireacht Theagmhasach, 14 Bealtaine. Cigireacht Ábhair, 3 Deireadh Fómhair.

Coláiste Pobail Theampall Mhichíl: Béarla – Cigireacht, 5 Feabhra 2019.

Cigireacht ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, 11 Aibreán 2019 i gColáiste Pobail Bhaile na gCros. Cuireadh athbhreithniú cuimsitheach ar na tuarascálacha cigireachta a fuair scoileanna BOOLI faoi bhráid cheannairí scoile ag cruinniú i mí an Mheithimh 2019. Ullmhaíodh Doiciméid Fhaisnéisithe agus cur i láthair PowerPoint agus scaipeadh ar cheannairí scoile iad lena gcur i láthair ar leibhéal scoile. Cuireadh na cigireachtaí go léir faoi bhráid bhord BOOLI.

2.4 Áiseanna agus acmhainní a fheabhsú

Chuir BOOLI fáilte roimh an fhógra ar dhá shíneadh ollmhór ar scoileanna BOOLI. San áireamh ar shíneadh Choláiste Pobail Bhaile na gCros tá giom il-úsáide agus svuít aclaíochta, seomra ceoil fuaimdhíonach, leabharlann nua-aimseartha agus saotharlanna le haghaidh Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide, na hEalaíne agus na hEolaíochta. San áireamh ar shíneadh Choláiste Columba Chill Liúcainne tá svuít RSO suite do 2 rang, saotharlann eolaíochta agus seomra ullmhúcháin gaolmhar, athsholáthar foirgneamh réamhdhéanta atá comhdhéanta de 1 seomra ranga ginearálta, seomra foirgnithe agus seomra ullmhúcháin gaolmhar, seomra bia ilchuspóra. D'fhreastail an Stiúrthóir Scoileanna agus an Stiúrthóir TFE ar chruinniú le hionadaithe ó NDFA an 8 Aibreán chun tionscadail thógála a bhrú chun cinn.

Áiríodh ar na Tionscadail Thógála Scoile in 2019:

Ard scoil Phádraig: Síneadh chuig an láthair stórála don seomra Adhmadóireachta, infheistíocht €30K.

Coláiste Columba Chill Liúcainne: Uasghrádú ar áiseanna Chúirt Leadóige. Infheistíocht iomlán €56K.

Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag: Tionscadal pobail chun páirc astroturf a sholáthar sa scoil. Maoiniú LEADER a thug acmhainní iomlána don tionscadal comhoibríthe sin. Caitheadh líon iomlán de €240K.

Thug BOOLI tacaíocht do 2 bhunscoil áitiúla, ar iarratas ROS, chun tionscadail ollmhóra a bhainistiú: síneadh ar bhunscoil St. Tola agus síneadh ar Ghaelscoil an Longfoirt.

Brandáil:

D'fhostaigh BOOLI sainchomhairleoir brandála agus dearadh brandáil nua don eagraíocht. Tá an bhrandáil nua comhdhéanta de lógó nua, ceantásca agus buntásca. Gorm agus marún an scéim dhathanna. Tá an bhrandáil chríochnaithe á scaipeadh ar gach cuid den eagraíocht faoi láthair.

Láithreán Gréasáin:

D'fhorbair BOOLI láithreán gréasáin nua don eagraíocht in 2019. Tá an láithreán gréasáin leis an gcuideachta óstála faoi láthair agus é le dul i bhfeidhm in Eanáir 2020.

2.5 FGL Foirne/Meantóireacht

FGL scoilbhunaithe:

Tugann BOOLI tacaíocht agus spreagadh don fhoireann go léir tabhairt faoin FGL. I measc na gcúrsaí ar freastalaíodh orthu i rith 2019 bhí JCT leanúnach inseirbhíse, Garchabhair, VSware, FGL ar Laethanta Braislithe, SFGM ar raon leathan ábhar, Comhdháil na Príomh-Oifige Staidrimh, an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (SNTI), Clár Saibhríthe Deonach, 'Get up Stand Up', Tús Áite do Leanaí, SNTI *Parents Plus*, agus na cláir Tánaiste, Misneach agus Droichead.

Cláir Ionduchtaithe BOOLI:

Ceanglaítear ar gach ball foirne a théann i mbun fostaíochta le BOOLI freastal ar Lá Ionduchtaithe do Bhaill Foirne Teagaisc Nuacheaptha. Reáchtáladh lá 2019 in Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain, Dé Céadaoin an 21 Lúnasa. D'fhreastail 41 bhall foirne ar an lá. Bhí 3 bhall foirne teagaisc agus 3 mhac léinn páirteach i soláthar an chláir.

D'fhreastail Príomhoide BOOLI amháin agus 2 Leas-Phríomhoide ar an dara lá de Chomhdháil BOOÉ do Cheannairí Nuacheaptha an 28 Márta 2019 sa Park Hotel sa Mhuileann gCearr. D'fhreastail 3 Príomhoide agus 2 Leas-Phríomhoide ar chomhdháil do cheannairí nuacheaptha an 19 agus an 20 Meán Fómhair in óstán an Sheraton, Baile Átha Luain.

Oiliúint ar Cheannaireacht: Tá neart taighde deisce déanta chun tacú le forbairt ar

Straitéis Cumarsáide BOOLI. Beidh mar aidhm leis an straitéis sin cur chuige comhleanúnach, comhtháite a sholáthar chun cláir oideachais agus oiliúna a chur in iúl agus a chur chun cinn do pháirtithe leasmhara in BOOLI agus taobh amuigh de. Cuireadh tús le dréachtStraitéis Cumarsáide agus scaipfear an dréachtdhoiciméad sin ar gach páirtí leasmhara ar a thabhairt chun críche.

Comhdhálacha:

D'fhreastail 8 bPríomhoide agus 8 Leas-Phríomhoide ar Chomhdháil do Phríomhoidí a tionóladh an 30 agus an 31 Eanáir sa Tulach, Contae Cheatharlach.

Áiríodh ar chlár oiliúna eile in 2019:

Oiliúint Gharchabhrach do Ghlantóirí agus d'Fheighlithe – 1 agus 2 Bealtaine. Uas-sciliú ar TFC do Ghlantóirí agus d'Fheighlithe – 21 Bealtaine.

Seisiún Ionduchtaithe agus Oiliúna do bhaill foirne nuacheaptha Grád 3 in BOOLI – 15 Deireadh Fómhair agus 27 Samhain.

SharePoint – d'fhreastail 14 cheannaire scoile ar oiliúint SharePoint an 18 Eanáir in Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain.

Tionóladh Laethanta Clinic TFC do bhaill foirne i ngach scoil i rith Eanáir agus Feabhra 2019.

Sprioc 3: Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chothú

3.1 Straitéis TFC lena n-áirítear struchtúr maidir le húsáid a bhaint as córais agus clár

Caidreamh leanúnach le páirtithe leasmhara maidir leis an Straitéis TFC a chríochnú agus a chur chun feidhme mar a leagtar amach i bPrionsabail BOOLI don Teagasc agus don Fhoghlaim. Shainnaithin BOOLI príomhspríocanna i rith an uasghrádú leanúnach ar bhonneagair TFC ar feadh scoileanna BOOLI.

Áirítear orthu sin úsáid na teicneolaíochta sa seomra ranga, uas-sciliú TFC don fhoireann go léir, acmhainní ardcháilíochta agus ardáin foghlama digití a úsáid.

Úsáideann gach scoil BOOLI Office 365 agus úsáideann roinnt scoileanna teicneolaíocht iPad. Tá scoil amháin á hullmhú féin chun iarratas a dhéanamh ar Stádas mar *Apple Distinguished School*. Bunaíodh Coistí Foghlama Digití i 6 scoil agus tá rolladh amach na gcoistí sin á dhéanamh go leanúnach.

3.2 Straitéis Cumarsáide a fhorbairt

Tá neart taighde deisce déanta chun tacú le forbairt ar Straitéis Cumarsáide BOOLI. Beidh mar aidhm leis an straitéis sin cur chuige comhleanúnach, comhtháite a sholáthar chun cláir oideachais agus oiliúna a chur in iúl agus a chur chun cinn do pháirtithe leasmhara in BOOLI agus taobh amuigh de. Cuireadh tús le dréachtStraitéis Cumarsáide agus scaipfear an dréachtdhoiciméad sin ar gach páirtí leasmhara ar a thabhairt chun críche.

3.3 Foirne comhoibríochta a chruthú

Líonraí Comhoibríochta:

Tá roinnt líonraí bunaithe ag BOOLI chun tacú le córais foghlama, teagasc agus tacaíochta ardcháilíochta a sholáthar do scoileanna.

Líonraí:

Líonra Riaracháin Scoileanna – cruinniú an 28 Feabhra 2019. Líonra Feighlithe agus Glantóirí – cruinniú an 15 Feabhra 2019.

Líonra Treoirchomhairleoirí – bunaithe i Meitheamh 2019. Tionóladh an chéad chruinniú an 13 Bealtaine agus bhí 5 threoirchomhairleoirí i láthair, ag déanamh ionadaíochta ar a scoileanna. Clár um Chríochnú Scoile – tionóladh cruinnithe sa Longfort agus san Iarmhí an 6 Feabhra agus an 20 Bealtaine 2019.

Bunaíodh Líonra na gCúntóirí Riachtanas Speisialta. Tionóladh an chéad chruinniú an 26 Meitheamh 2019 agus bhí 25 ball foirne CRS i láthair.

Bunaíodh Líonra Tuismitheoirí ar bhonn píolótach. Tionóladh 2 chruinniú, i Meitheamh agus Deireadh Fómhair 2019.

Grúpaí Athbhreithnithe:

Bunaíodh Pléghrúga RGCS TFC in 2019 chun athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid TFC sa

seomra ranga agus chun breithniú a dhéanamh ar riachtanais RGCS sa réimse sin. Tionóladh cruinniú chun é sin a phlé an 25 Eanáir 2019 agus bhí 10 n-ionadaí ó na 8 scoil go léir i láthair.

Grúpaí Oideachais:

D'eagraigh an Pobal Foghlama Béarla an chéad Chomórtas Díospóireachta BOOLI do scoileanna BOOLI. Tionóladh an ócáid sin sa Park Hotel sa Mhuileann gCearr an 29 Aibreán 2019. Bhí 2 mhúinteoirí ó scoileanna BOOLI i gceannas ar an tionscadal sin agus baint ag 4 mhúinteoirí le soláthar an tionscnaimh sin. Bhí 22 mhac léinn san iomaíocht sa chomórtas agus 100 i láthair ar an lá.

Ceannairí Scoile:

Cruinnithe Ceannairí Scoile: tionóladh cruinnithe 2019 ar na dátaí seo a leanas: 17 Eanáir, 4 Feabhra, 8 Márta (Bainistiú Riosca), 11 Aibreán, 17 Meitheamh, 24 Meán Fómhair, 29 Samhain. Tionóladh cruinnithe faoi Eanáir agus Feabhra 2019. Tionóladh Cruinnithe Pleanála Scoile Comhtháite do gach scoil BOOLI sa Cheannoifig i mBaile Marlainn an 2, 3 agus 17 Meán Fómhair 2019. An Stiúrthóir Scoileanna agus an Stiúrthóir TFE a d'eagraigh agus a d'óstáil na cruinnithe ar leithligh sin. Iarraidh ar gach Ceannaire Scoile a bheith i láthair. Ar an gclár oibre bhí Airgeadas, Bainistiú Buiséad, Earcaíocht, FGL, Bainistiú Riosca agus Leithdháileadh Múinteoirí.

3.4 Comhpháirtithe agus comhghuaillíochta le páirtithe leasmhara seachtracha agus comhlachtaí a fheabhsú

Reáchtáil BOOLI, i gcomhar le Club Sacair Ballyboro comhthionscadal chun páirc astroturf a shuiteáil ag Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag. D'éirigh thar cionn leis an tionscadal sin agus fuair sé maoiniú ó Chuideachta LEADER an Longfoirt. Chosain sé breis agus €240K. Tá Tionscadal píolótach *Connect* ar bun ag Coláiste Pobail Theampall Mhichíl, an Longfort agus ag Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr, i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain.

Díríonn an clár sin ar mhic léinn sa 5ú bliain agus reáchtálfar é ó dheireadh Eanáir go dtí tús Márta 2020. Féachann clár cóitseála *Connect* de chuid Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus an Coláiste le caidreamh a dhéanamh le mic léinn sa tsraith shinsearach a chónaíonn i limistéir ina bhfuil ráta íseal forchéimnithe chuig an ardoideachas, agus a bhfuil dúshlán mhóra rompu a bhaineann le míbhuntáiste socheacnamaíoch. Ceapadh an clár chun eispéireas bríomhar coláiste a thabhairt do mhic léinn, ina bhfreastalaíonn siad ar cheardlanna a bhaineann leis na cúrsaí atá ar fáil agus ina dtugtar tacaíocht dóibh ag meantóirí ar mic léinn coláiste iad.

Music Generation:

Music Generation Uíbh Fhailí/na hIarmhí (MGOW).

Soláthraíonn BOOLI, i gcomhar le Comhairle Contae Uíbh Fhailí (Príomhchomhpháirtí), Comhairle Contae na hIarmhí agus Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise/Uíbh Fhailí, clár Music Generation don ógra ar fud Chontae na hIarmhí. Oibríonn ceoltóirí MGOW le níos mó ná 06,000 duine ar fud Uíbh Fhailí agus na hIarmhí. Soláthraíonn siad raon tionscnamh do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear clár a dhíríonn ar amhránaíocht agus teagasc uirlisí, chomh maith le deiseanna ensembles a fhorbairt. Déanann an DOS ionadaíocht ar BOOLI ag an ngrúpa bainistithe agus d'fhreastail ar chruinnithe an 11 Eanáir, 14 Feabhra, 10 Aibreán, 17 Meitheamh agus 13 Meán Fómhair.

Music Generation an Longfoirt

Tá áthas ar BOOLI a bheith ina Phríomhchomhpháirtí le Music Generation an Longfoirt. Fógraíodh an dea-scéal sin i mBealtaine 2019 agus cuireadh tús le hOifigeach Forbartha Music Generation a cheapadh i mí na Nollag 2019. Glacfaidh an tOifigeach Forbartha Music Generation a post in Eanáir 2020 agus beidh oifig Music Generation an Longfoirt lonnaithe in Oifig BOOLI, Bóthar an Bhataire, An Longfort. Ainmníodh an Stiúrthóir Scoileanna mar ainmní BOOLI chuig Coiste Cúraim Leanaí an Longfoirt agus déanfaidh ionadaíocht ar BOOLI ar an gcoiste sin.

Sprioc 4: Forbairt ar struchtúir eagrúcháin éifeachtacha a bhrú chun cinn

4.2 Cur chuige a fhorbairt lena gothaítear cumas don bhainistiú athruithe

Tugadh tacaíocht do cheannairí scoile trí bhíthin clár oiliúna saincheaptha a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm shamhail ceannaireachta roinnte, le béim faoi leith ar thacú le poist nuabhunaithe do Phríomhoidí Cúnta i scoileanna. Soláthraíodh an clár seo thar 5 lá agus áiríodh ann 3 lá le haghaidh ceannairí scoile ó na scoileanna BOOLI go léir. Ina dhiaidh sin, cuireadh oiliúint ar Phríomhoidí Cúnta nuacheaptha, agus iad sin a bhí ann cheana féin, thar 2 lá, an 28 agus 29 Bealtaine. D'fhreastail 36 bhall foirne ar na laethanta sin. D'fhreastail an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Seirbhísí ar Sheimineár do Phátrúin Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha an 26 Feabhra 2019 sa Park Hotel, an Muileann gCearr. D'fhreastail an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Seirbhísí ar Sheimineár dar teideal 'Lá na bPátrún: Comhairliúchán maidir le hAthbhreithniú ar na Croíluachanna' an 4 Nollaig.

4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI

Tugadh faisnéis rialta do scoileanna maidir le hathruithe leanúnacha ar riachtanais reachtúla. Rinneadh athbhreithniú ar Chláir Riosca agus rinneadh leasú orthu chun monatóireacht agus tuairisciú leordhóthanach ar rioscaí a dhéanamh. Déanann scoileanna caidreamh an Stiúrthóir Seirbhísí agus leis an Stiúrthóir TFE i gcónaí maidir le bainistiú riosca, cuntasacht, agus comhlíonadh agus cuireadh sin san áireamh ar an gclár oibre ag Cruinnithe Pleanála Comhtháite i ngach scoil.

Sláinte agus Sábháilteacht i Scoileanna – Bunaíodh meitheal oibre bheag, comhdhéanta de 2 phríomhoide scoile faoi stiúir an Stiúrthóra Seirbhísí, chun athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta thar 8 scoil. Mar thoradh ar athbhreithniú cuimsitheach ar riachtanais, tugadh sraith uirlisí agus comhad um shláinte agus sábháilteacht do scoileanna chun críche agus scaipeadh ar scoileanna iad i mí na Samhna.

Tugtar eolas cothrom le dáta do cheannairí scoile go rialta maidir le riachtanais rialála corparáidí agus freagrachtaí mar a ordáítear ag Ciorcláin, RGCS, Cosaint Leanaí, an Bille um Ligeán Isteach i Scoileanna etc., ag cruinnithe ceannairí scoile. Reáchtáladh lá chur i láthair maidir le Bainistiú Riosca do cheannairí scoile an 8 Márta. Tugadh oiliúint sa réimse sin Dé Luain an 20 Bealtaine 2019.

4.4 A bheith rannpháirteach i dtionscnaimh agus i bhfórais náisiúnta

Bíonn BOOLI agus Stiúrthóir Scoileanna, an Ógra agus an Cheoil ag déanamh caidreamh leanúnach le ROS agus le BOOÉ maidir le fórais oideachais, meithle oibre agus seirbhísí comhroinnte a fhorbairt don earnáil BOO. Áirítear orthu sin:

Fóram na Stiúrthóirí Scoileanna, Tascgrúpa FGL BOOÉ, Fóram Stiúrthóirí Scoileanna BOOLI – Príomhcheannaire don Uilechuimsitheacht (RSO), Comhchathaoirleach Fhóram BOO na bPríomhoidí Náisiúnta, ainmní BOOÉ chuig Grúpa Ionadaithe Bainistíochta RSO agus comhalta de Choiste Chomhdhála BOOÉ.

Scoileanna:

Rinne Príomhoide Choláiste Columba ionadaíocht ar cheannairí scoile BOOLI ag an bhFóram Príomhoidí Scoile arna óstáil ag BOOÉ. Scaip an t-ionadaí saincheisteanna agus faisnéis ábhartha do scoileanna ar cheannairí scoile.

I meas na dTionscadal a rinneadh i rith 2019 bhí:

Brat Ómra, Meabhairshláinte Dhearfach, Scoileanna Glasa, Men's Shed na hIdirbhliana, Onebook, Ranganna Cócarála do Thuismitheoirí, Operation Transformation do phobail na scoileanna, Club Leabhar do Thuismitheoirí, Comhpháirtíochta na hIdirbhliana le tionscail áitiúla, Cór Scoile, Club Fiontraíochta do Mhic Léinn, an Dúshlán *Build a Bank*, Cóitseáil CLG, Taithí Oibre, Cur Chun Cinn Sláinte, Seachtain Feasachta maidir le LADT, Tionscadal Taighde um Ghníomhú Folláine, (1 de 16 scoil dara leibhéal atá páirteach sa chlár seo), Clár Athléimneachta Pieta House, Ceardlanna *Mind your Manners*, cuairteanna Bunscoileanna, Seachtain Náisiúnta na gCrann, Seachtain Folláine, Comhpháirtíochtaí Gnó Scoile, Bailte Slachtmhara, Oibríú Deonach Áitiúil.

Spríoc 5: Tacú le cultúr forbartha leanúnaí i measc na foirne

5.1 An Straitéis FGL do BOOLI

Cuireann BOOLI tacaíocht leanúnach ar fáil do cheannairí scoile trí bhíthin modhanna éagsúla. Áirítear orthu sin: tacaíocht duine le duine do cheannairí scoile; cruinnithe foirne na bainistíochta sinsearaí i scoileanna; freastal ar Chomhdhálacha BOOÉ do Cheannairí Scoile; Freastal ar Chlár Ionductaithe BOOÉ do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí nuacheaptha.

Tuarascáil 2019 maidir le Seirbhísí don Ógra

Buaicphointí agus príomhghnóthachtálacha:

- Curtha faoi bhráid RLGÓ agus cead faighte ina leith - Próifiliú Ceantar, Tuarascálacha ar Mheasúnú Riachtanas agus Riachtanais Seirbhísí (APT) do Bhaile an Longfoirt, do Chontae an Longfoirt, do Bhaile Átha Luain agus don Muileann gCearr.
- 10 dtionscadal faoi stiúir bhaill foirne/gairmithe.
- 40 grúpa agus club ógra faoi stiúir oibríthe deonacha.
- Páirtí leasmhar gníomhach i gclár leanúnach athchóirithe de chuid RLGÓ.
- Ardú 33% ar an mbuiséad i gcomparáid le 2018.
- Aistriú 3 thionscadal RLGÓ ó CDYSB go BOOLI i R4.

Spríoc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna ardcháilíochta, foghlaimoirlárnacha a sholáthar

1.3 Pleanáil agus comhordú clár

Plean Seirbhísí 2019 um Obair don Ógra; dul chun cinn fós á dhéanamh ar roinnt réimsí den Phlean Seirbhísí.

Tuarascáil Bhliantúil ar an Dul Chun Cinn 2018 curtha faoi bhráid RLGÓ.

Na gníomhartha sa Phlean um Obair don Ógra 2019-2022 tugtha chun críocha agus brúite chun cinn.

Tugtha chun críche, curtha faoi bhráid RLGÓ agus cead faighte ina leith - Próifiliú Ceantar, Tuarascálacha ar Mheasúnú Riachtanas agus Riachtanais Seirbhísí (Tionscadal APT) do Bhaile an Longfoirt, do Chontae an Longfoirt, do Bhaile Átha Luain agus don Muileann gCearr, lena n-áirítear 7 Riachtanas Seirbhísí do thionscadail reatha atá spriocdhíríte ar dhaoine óga.

3 thionscadal RLGÓ faoi stiúir bhaill foirne i mBaile Átha Luain agus sa Mhuileann gCearr a aistriú agus a riar trí bhíthin Obair d'Ógra Éireann Lár Tíre a aistriú ó CDYSB go BOOLI ó R4 2019.

1.4 Dearbhú cáilíochta a sholáthar

Tá Dearbhú Cáilíochta maidir leis an CCCN (Creat um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta) fós á sholáthar. Tugadh cuairteanna fíordheimhnithe agus rinneadh tástálacha ar shampla de thionscadail faoi stiúir bhaill foirne agus oibríthe deonacha.

1.5 Freagraí nuálacha ar riachtanais reatha agus ar riachtanas a bheidh ann sa todhchaí a shainiú

Ceadaíodh agus cuireadh tús le tionscadal nua saindírithe ar an ógra i gContae an Longfoirt, trí Longford Community Resources clg.

Tionscadal breisithe saindírithe ar an ógra curtha i bhfeidhm ar feadh bliana iomlán i mBaile an Longfoirt trí Longford Community Resources clg.

Rinneadh soláthar don bhliain iomlán de Sheirbhís Tacaíochta Cóireála agus Coisc Alcóil agus Drugaí do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois don Longfort agus don Iarmhí (an tionscadal Extern MYDAS) i gcomhar le Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Réigiúnach Lár Tíre agus FSS.

Tionscnamh Infhostaitheachta Ógra na RLGÓ a riar agus a chur i bhfeidhm sa Mhuileann gCearr trí Obair d'Ógra Éireann Lár Tíre. Tionscnamh LGBTI+ curtha i gcrích trí Obair d'Ógra Éireann Lár Tíre i mBaile Átha Luain.

Spríoc 2: Eispéiris agus torthaí d'fhoghlaimoirí a fheabhsú
2.4 Áiseanna agus acmhainní a fheabhsú
<p>Leithdháileadh €29,494 ar 3 thionscadal ógra faoi stiúir bhaill foirne le haghaidh deisiúcháin riachtanacha, uasghrádú ar áiseanna agus trealamh a cheannach.</p> <p>Leithdháileadh €21,072 ar 37 gclub agus grúpa faoi stiúir oibríthe deonacha chun trealamh a cheannach.</p>
Spríoc 3: Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chothú
3.4 Feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí agus ar chomhghuaillíochtaí le geallsealbhóirí agus comhlachtaí seachtracha
<p>Rinne an tOifigeach Ógra ionadaíocht ar BOOLI ar na coistí agus sna grúpaí seo a leanas: Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil na hIarmhí. Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga. Grúpaí stiúrtha Chomhairle na nÓg an Longfoirt agus na hIarmhí. Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Réigiúnach Lár Tíre & an Fo-choiste Airgeadais. Foirne RAPID, an Muileann gCearr agus Baile Átha Luain. Grúpaí idirghníomhaireachta seirbhísí/tionscadail áitiúla.</p>
Spríoc 4: Forbairt ar struchtúir eagrúcháin éifeachtacha a bhrú chun cinn
4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI
<p>€804,293 an buiséad iomlán a bhí ag an Aonad Obair Ógra. Riar an tAonad Obair Ógra €708,425 i maoiniú ar 10 dtionscadal faoi stiúir bhaill foirne agus ar 40 grúpa agus club faoi stiúir oibríthe deonacha. Rinne an tAonad Obair Ógra monatóireachta ar 9 gComhaontú Seirbhíse agus ar 4 Chonradh Maoinithe, lena n-áirítear an mhaoirseacht ghaolmhar uile. Rinneadh 126 íocaíocht/idirbheart ar leithligh. Thug an tAonad Obair Ógra Measúnú Riosca chun críche agus cuireadh san áireamh é ar Chlár Riosca BOOLI.</p>
4.4 A bheith rannpháirteach i dtionscnaimh agus i bhfóirne náisiúnta
<p>D'oibrigh an tAonad Obair Ógra ar bhonn comhoibríoch le comhghleacaithe ar fud na hearnála BOO:</p> <p>Leas-chathaoirleach ar Chumann Oifigeach Ógra na hÉireann. Comhalta de Choiste Obair Ógra WTBI.</p> <p>Comhalta de thoscaireacht BOOÉ chuig RLGÓ.</p>

Tuarascáil 2019 Breisoideachas agus Oiliúna (BOO)

Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna ardcháilíochta, foghlaimeoirí nárnacha a sholáthar

1.1 Cairt d'Fhoghlaimeoirí a chruthú do BOOLI

Cuireadh tús le taighde deisce ar an gCairt d'Fhoghlaimeoirí. Forbraíodh Dréacht-chairt d'Fhoghlaimeoirí agus teimpléad d'aiseolas. Cuireadh tús le caidreamh le foghlaimeoirí maidir leis an gcairt in 2019 nuair a scaipeadh Cairt d'Fhoghlaimeoirí BOOLI ar Foghlaimeoirí BOO agus ar an fhoireann, le haiseolas a fháil uathu. Tá an t-aiseolas curtha i dtoll a chéile agus beidh tionchar aige ar an gcairt dheiridh.

1.2 Straitéis Teagasc agus Foghlama BOOLI a Fhorbairt

Rinneadh dul chun cinn ar Straitéis Teagasc agus Foghlama a chruthú do BOO. Tugadh an taighde deisce tosaigh ar Straitéisí Teagasc agus Foghlama chun críche agus forbraíodh dréachtdhoiciméad ar Phrionsabail BOOLI maidir le Seirbhísí Oideachais agus Oiliúna.

Scaipeadh Phrionsabail BOOLI maidir le Seirbhísí Oideachais agus Oiliúna ar Cheannairí BOO agus ar bhaill foirne a sholáthraíonn ár gcláir chun aiseolas a fháil uathu. Cuireadh an t-aiseolas i dtoll a chéile agus cuimseofar é sa doiciméad deiridh.

Is comhalta de Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta SOLAS don FGL é Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna BOOLI agus chuir sé leis an bplean náisiúnta FGL don breisoideachas agus oiliúint ina sainaitheann teagasc agus foghlaim mar cheann de na seacht réimse straitéiseacha don earnáil.

Cuireadh tús le Creat Forbartha Gairmiúla BOO in 2018 agus tugadh chun críche é in 2019.

Shainaitheann foireann soláthair/ TFC BOOLI tionscadail TFC do 2019, rud a chuir feabhas ar an Straitéis Teagasc agus Foghlama agus a chuirfidh tuilleadh feabhais agus leathnaithe ar an straitéis teagasc agus foghlama. Áiríodh ar na tionscadail, uasghrádú ar ár n-ardáin TFC, leathanbhanda ardluais a shuiteáil, aistriú chuig néalríomhaireacht i roinnt Ionad BOO, uasghrádú ar ríomhairí agus ar an trealamh gaolmhar chun eispéireas foghlama rannpháirtithe a shaibhriú.

1.3 Pleanáil agus comhordú clár

Chuir Stiúrthóir BOO le Plean Seirbhísí BOOLI 2019. I ndiaidh dó a bheith ceadaithe ag bord BOOLI, rinne an Fhoireann Bainistíochas sinsearaí athbhreithniú leanúnach air i rith na bliana. Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe, sainaitheann tionscnaimh nua BOO agus brúdh chun cinn iad, mar fhreagra ar na riachtanais chliant a tháinig chun cinn.

Tugadh na teimpléid go léir maidir le hlarratas ar Leithdháileadh Maoinithe (ILM 1, 2, 3 agus 4) chun críche agus cuireadh faoi bhráid SOLAS iad i rith 2019. Cuimsíodh iontu pleanáil agus buiséadú gach clár BOO agus theastaigh trí thuaisceán buiséid chuig SOLAS in aghaidh na bliana.

Rinne SOLAS athbhreithniú foirmiúil ar dhul chun cinn BOOLI maidir le Comhaontuithe Feidhmíochta Straitéiseach SOLAS an 10 Nollaig 2019. Eiseoidh SOLAS tuarascáil SOLAS ar ár ndul chun cinn in 2020, ach tugtar le tuiscint gur glacadh go dearfach leis na sé sprioc a leagadh amach ar dtús agus a ndearnadh iad a thagarmharcáil.

1.4 Soláthar Dearbhú Cáilíochta

Tá an Grúpa Maoirseachta Cáilíochta a bunaíodh in 2018 i bhfeidhm go hiomlán anois. Chuaigh an obair forbartha maidir le rialáil chorparáideach ar aghaidh chuig céim 2 agus chuir sí leis an bhforbairt fhoriomlán ar chóras Dearbhú Cáilíochta nua de chuid BOOLI. Tugadh gnéithe den phlean feidhmíochta don Chaighdeán Nua ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann le haghaidh BOO in BOOLI chun críche in 2019. Bunaíodh an Grúpa um Rialachas Cáilíochta agus an Grúpa um Rialachas Clár. Leathnaíodh an Plean Gníomhaíochta um Fheabhsú Cáilíochta agus an Plean Oibre um Beartais agus Nósanna Imeachta. Cuirfear tús le meithle oibre i rith 2020 mar fhreagra ar spriocanna arna leagan amach ag an nGrúpa um Rialachas Cáilíochta agus ag an nGrúpa um Rialachas Clár.

Gníomhaíochtaí a bhaineann le cáilíocht

- Tionóladh 37 chruinniú ar an ábhar Dearbhú Cáilíochta i rith 2019.
- Cheap an Grúpa Maoirseachta Cáilíochta seisiún faisnéise leathlae faoi Dhearbhú Cáilíochta agus tionóladh é i mí Bealtaine. An cuspóir a bhí leis, an fhoireann a choinneáil ar an eolas faoi na hathruithe a bhí le cur ar chóras cáilíochta BOOLI le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. D'fhreastail ionadaithe ar sheirbhísí BOO go léir laistigh de BOOLI ar an imeacht.
- Tionóladh ceardlann forbartha ghairmiúil aon lae maidir le Rialachas agus Bainistiú Cáilíochta i mí Mheán Fómhair.
- Cheap an Grúpa um Rialachas Cáilíochta seisiún fócasghrúpa agus tionóladh é i mí Dheireadh Fómhair. An cuspóir a bhí leis, nós imeachta fíordheimhnithe inmheánach nua a bhunú. D'fhreastail ionadaithe ar sheirbhísí BOO go léir laistigh de BOOLI ar an imeacht.
- Tionóladh lá oiliúna ar uirlisí measúnaithe a dhearadh i mí na Samhna. D'fhreastail múinteoirí agus teagascóirí ar an lá.
- Rinneadh tuilleadh forbartha ar láithreán Cáilíochta BOO, SharePoint, agus cuireadh leis.

1.5 Freagraí nuálacha ar riachtanais reatha agus ar riachtanas a bheidh ann sa todhchaí a shainithint

Leanadh leis an obair leanúnach agus é mar aidhm léi an gaol idir BOO agus lucht fiontair/fostóirí sa Longfort agus san Iarmhí a chur chun cinn agus a fhorbairt. Rinneadh athbhreithniú ar an bhfoireann um Caidreamh le Fiontar agus atheagraíodh í i rith 2019 chun tuilleadh comhoibrithe a éascú. Bunaíodh láithreán SharePoint um Caidreamh le Fiontar agus feabhsófar é in 2020 chun sholáthar a dhéanamh ar chomhroinnt faisnéise leis na comhaltaí go léir.

Bainistíocht BOO atá i gceannas ar an bhfeidhm Caidreamh le Fiontar faoi láthair, le tacaíocht ó roinnt seirbhísí agus ceannairí BOO. Cuireadh tús le hearcaíocht chuig ról sonrach Chaidreamh le Fiontar in 2019 agus déanfar tuilleadh ina leith in 2020. Tugadh an obair chun roinnt clár BOO a athrú isteach ina bprintíseachtaí chun críche. Tugadh faoi thaighde ar chúrsaí oiliúna nua i gcomhar le SOLAS agus forbraíodh dhá chlár chúrsa oiliúna nua, agus cuireadh ar fáil d'fhoghlaimoirí iad, sna réimsí seo a leanas:

- Cúrsa Oiliúna i Lóistíocht agus Dáileadh, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann leibhéal 5

- Cúrsa Oiliúna is Diplóma sna Meáin Dhigiteacha, le deimhniú ó City and Guilds (comhionann le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann leibhéal 5)

Sheol BOOLI an Clár um Scileanna chun Dul chun Cinn a Dhéanamh i mí Mheán Fómhair 2019. Tá feachtas ar bun sna meáin náisiúnta faoi láthair agus cabhróidh sin le cur le feachtas an phobail faoi, trí bhíthin an deis a chur in iúl do dhaoine fostaithe. Tá BOOLI ag obair i gcomhar le fostóirí sa Longfort agus san Iarmhí chun deiseanna oiliúna dá bhfostaithe a mhéadú.

Spríoc 2: Eispéiris agus torthaí d'fhoghlaimoirí a fheabhsú**2.1 Aiseolas ó fhoghlaimoirí agus ó thuismitheoirí**

Rinneadh fiosrú ar mheicníochtaí chun aiseolas ó fhoghlaimoirí a bhunú a bheadh mar fhaisnéis agus tacaíocht don soláthar oideachais ardchaighdeáin i seirbhísí bhreisoideachais agus oiliúna. Sainithníodh grúpaí fócais mar an modh roghnaithe le húsáid as seo amach. Tá aiseolas á bhailiú faoi láthair agus córas páipéarbhunaithe á úsáid. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar modhanna bailithe eile i gcomhar leis an nGrúpa Maoirseachta Cáilíochta le lucht bainistíochta breisoideachais agus oiliúna. I mí na Samhna, reáchtáil BOOLI agus AONTAS imeacht réigiúnach den Fhóram Náisiúnta Foghlaimoirí Breisoideachais agus Oiliúna. An cuspóir a bhí leis an imeacht, guth an fhoghlaimora a chur san áireamh mar chuid lárnach de Straitéis BOO. Thionóil BOOLI an imeacht deiridh den Fhóram Náisiúnta Foghlaimoirí Breisoideachais agus Oiliúna i mí Dheireadh Fómhair 2018.

An lá sin, d'fhreastail foireann agus éascaitheoirí AONTAS agus chas siad le foghlaimeoirí éagsúla BOOLI. Iarradh ar na foghlaimeoirí ceistiúchán gearr a chomhlánú. Roinneadh ina ngrúpaí ansin iad chun plé teoraithe a dhéanamh ar a n-eispéireas san earnáil BOO. Cuireadh an fhaisnéis go léir i dtoll a chéile gan ainmneacha agus roinneadh le BOOLI agus le SOLAS í chun cabhrú le beartas rialtais a cheapadh agus chun seirbhísí BOO a fheabhsú.

2.2 Foghlaim le cuidiú TFC

Tugadh cleachtadh tagarmharcála maidir le tús a chur leis an bhforbairt agus feidhmiú Phlean Gníomhaíochta um Foghlaim le Cuidiú na Teicneolaíochta (FCT) chun críche in 2017 agus brúdh ar aghaidh é i rith 2018.

I 2019, cuireadh tuarascáil ar an ngníomhaíocht reatha a bhaineann le FCT faoi na ceithre cheannteideal seo a leanas ar aghaidh chuig SOLAS:

Bonneagar TFC

Forbairt ghairmiúil leanúnach

Inneachar d'fhoghlaimeoirí agus dearadh clár

Struchtúr eagrúcháin

Tá plean FCT BOO á fhorbairt anois ag an gcomhordaitheoir FCT/FGL faoi threoir bhainistíochta BOO. Tabharfar an plean chun críche i rith 2020. Tá ionadaí fós ag BOOLI i nGrúpa Gníomhaíochta SOLAS maidir le FCT agus beidh i gcónaí Tá forbairt déanta ag breisoideachas agus oiliúint ar roinnt acmhainní nua ar líne sna réimsí ábhar leighis agus rúnaí dlí. Leathnaíodh an úsáid a mbaintear as Moodle chuig foghlaimeoirí breise in 2019. Bhunaigh BOOLI an dara mol digiteach in Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain, ag tógáil ar an áis a bunaíodh ar bhonn píolótach sa Mhuileann gCearr in 2018.

2.3 Aschuir a Rianú agus a Thuairisciú

Rinneadh tuilleadh forbartha ar an úsáid a mbaintear as PLSS agus FARR chun sonraí a iontráil agus chun staitisticí rianaithe agus tuairiscithe ar fhoghlaimeoirí breisoideachais agus oiliúna BOOLI a sholáthar. Bhain BOOLI, SOLAS, ROS agus ESF úsáid beagnach eisiach astu in 2019 ar feadh sheirbhísí BOO go léir. Is forbairt lárnach é sin don earnáil BOO uile in Éirinn agus cuireann feabhas mór ar na sonraí atá ar fáil maidir le torthaí dearfacha d'fhoghlaimeoirí.

Gníomhaíochtaí goilmhara a rianú agus a thuairisciú:

- I mí Dheireadh Fómhair, rinne comhordaitheoir córais náisiúnta BOO seisiún oiliúna le baill foirne BOOLI ar úsáid chórais faisnéise bhainistithe PLSS.
- Tionóladh imeacht i mí na Samhna agus rinne dhá aonad ó SOLAS cur i láthair ar na hábhair seo a leanas:

Scileanna agus an Margadh Saothair sa Réigiún Lár Tíre – curtha i láthair ag Aonad Taighde SOLAS ar Scileanna agus an Margadh Saothair

Seo atá sa Bhreisoideachas agus Oiliúint. Forléargas ar Foghlaimeoirí

Breisoideachais agus Oiliúna ó pheirspictíocht Náisiúnta agus BOOLI agus sonraí PLSS á n-úsáid – curtha i láthair ag an Aonad Anailísíochta Sonraí, SOLAS

- Tús curtha le córas monatóireachta nua chun bearnaí i sonraí a bhaineann le foghlaimeoirí a shainaithint taobh istigh de PLSS.

2.4 Áiseanna agus acmhainní a fheabhsú

Tugadh athbhreithniú ar an timpeallacht fisiciúil i ngach ionad BOO chun críche agus sainaithníodh bearta feabhsaithe mar thosaíocht. Sainaithníodh tionscadail dá dteastóidh infheistíocht chaipitil agus tugadh tosaíocht dóibh in iarratas ar mhaoiniú chuig SOLAS in 2019.

Lean BOOLI lena chaidreamh le Comhairle Contae na hIarmhí i socrú comhpháirtithe maidir le teacht ar thacaíocht chaipitil faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe. Táthar fós ag fanacht ar dhul chun cinn ar an gcéad chéim eile den tionscadal um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe.

Gníomhaíochtaí

- Tá cead pleanála iarrtha d'ionad nua BOO beartaithe sa Mhuileann gCearr.
- Rinneadh tairiscint ar shíneadh chuig an gceantar tógála in Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain agus tabharfar chun críche é 2020.
- Rinneadh tairiscint do shaoráid stórála nua agus táthar ag fanacht le scéal ina leith.
- Uasghrádú ar shaoráidí cistine agus ceaintín.
- Athchumrú agus feabhsú ar spásanna oifige don fhoireann.

2.5 FGL/Meantóireacht do Bhaill Foirne

Tugadh forbairt ar Phlean FGL BOO d'fhoireann BOOLI chun críche i gcomhar le SOLAS agus BOOÉ in 2019.

Gníomhaíochtaí:

- Tá mionsonraí faoin FGL uile a rinneadh in 2019 á chur le chéile ag comhordaitheoir TEL/FGL BOOLI.
- Tá athbhreithniú ar an bplean FGL do 2019 tugtha chun críche agus beidh sé mar fhaisnéis do phlean FGL 2020 BOOLI's 2020, atá á fhorbairt anois.

Sprioc 3: Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chothú

3.1 Straitéis TFC lena n-áirítear struchtúr maidir le húsáid a bhaint as córais agus clár

Shainnaithin an fhoireann TFC/soláthair roinnt tionscadal do 2019 agus é mar chuspóir leo cumarsáid, roinnt faisnéise agus líonrú a fhorbairt, go himmheánach agus go seachtrach. I mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna, chas bainistíocht BOO le seirbhís tacaíochta TFC chun athbhreithniú a dhéanamh ar na réimsí a sainnaithníodh chun feabhas a chur orthu, maidir le seirbhísí agus ionaid BOO. Tugadh an obair go léir a bhí beartaithe chun críche.

3.3 Foirne Comhoibríocha a Chruthú

Rinneadh roinnt oibre in 2018 ar phobail foghlama ábhar-sonracha a bhunú agus úsáid á baint as TFC i Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna BOOLI in 2019.

Gníomhaíochtaí:

- Comhoibriú tosaigh déanta idir Ógtheagmháil agus CTC.
- Tá sin mar chuspóir do 2020 ag an nGrúpa um Rialachas Clár
- Chabhraigh na deiseanna FGL TEL a rinne teagascóirí agus múinteoirí le dhá bhliain anuas maidir le pobail foghlama ábhar-sonracha a fhorbairt.

Nedaíodh an struchtúr nua maidir le cruinnithe bainisteoirí agus ceannairí BOO in 2019.

Gníomhaíochtaí:

- Tionóladh dhá lá de chruinnithe i rith na bliana le ceannairí FE, ar tugadh cuireadh do na seirbhísí BOO go léir freastal orthu. Rinne ceannairí agus bainisteoirí ionchur ar a réimsí sonracha freagrachta agus spéise.
- Tionóladh cruinnithe sceidealta idir cheannairí FE agus a gcuid AEOnna gach mí i rith na bliana.
- Tionóladh líon iomlán de 14 chruinniú sceidealta de bhainistíocht BOO.
- Tionóladh lá Pleanála 2020 do Bhainisteoirí BOO i mí Dheireadh Fómhair. Tionóladh cruinnithe faoi stiúir IPB agus bainistíocht BOO, le haghaidh ceannairí agus baill foirne, agus é mar chuspóir leo pleananna bainistiú riosca d'ionaid a fhorbairt agus a athbhreithniú.

3.4 Comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí le comhlachtaí agus páirtithe leasmhara seachtracha a fheabhsú

Tá an BOO fós ag comhoibriú le heagraíochtaí seachtracha trí bhithin páirt a ghlacadh agus ionadaíocht a dhéanamh ar BOOLI ar fhóiraim náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Déanann BOOLI caidreamh le páirtithe leasmhara agus le gníomhaireachtaí chun feabhas a chur ar sheirbhísí oideachais agus BOO d'fhoghlaimoirí. Áirítear ar shamplaí de sin rannpháirtíocht i dtaighde agus i bpleanáil atá ar bun ag SOLAS don Earnáil BOO in Éirinn. Tá comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí bunaithe ag an stiúrthóir BOO, ag bainisteoirí, ceannairí agus foireann BOO le páirtithe leasmhara seachtracha agus comhlachtaí seachtracha, agus thug siad freagra ar iarrataí ó pháirtithe leasmhara agus ó ghníomhaireachtaí le linn 2019. Ba chóir a thabhairt ar aird go bhfuil minicíocht agus leibhéal idirghníomhaireachta an-ard ag baint leis an sprioc seo.

Spríoc 4: Forbairt ar struchtúir eagrúcháin éifeachtacha a bhrú chun cinn

4.2 Cur chuige a fhorbairt chun cumas bainistithe athraithe a chruthú

Tá caidreamh á dhéanamh ag BOOLI i gcónaí le clár FGL ceannaireachta SOLAS a chabhróidh le tacaíocht agus forbairt ghairmiúil a sholáthar do bhaill foirne a bhfuil ról ceannaireachta acu ar fud na heagraíochta.

Gníomhaíochtaí:

- D'fhreastail Bainisteoirí agus Ceannairí BOO ar oiliúint ar cheannaireacht arna heagrú ag an tseirbhís Acmhainní Daonna in BOOLI.
- Eagraíodh clár ceannaireachta eile sna réimsí pleanála agus bainistiú an athraithe do cheannairí FE mar chuid de dheis FGL leanúnach i rith 2018/2019.

Cuireadh clár FGL ceannaireachta SOLAS siar go dtí go luath in 2020 agus cuirfear ar fáil é mar dheis don fhoireann.

4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI

Lean bainistíocht BOO ag obair leis an bhfóram DOSD chun beartais agus nósanna imeachta cuí a fhorbairt maidir le Sláinte agus Sábháilteacht in 2019.

Tionóladh cruinnithe rialta le linn 2019 le Bainistíocht, Ceannairí agus baill foirne BOO agus bhí riachtanais agus freagrachtaí i ndáil le rialachas corparáideach ar chlár oibre gach ceann díobh.

4.4 Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus i bhfóiraim náisiúnta

D'fhreastail bainistíocht, ceannairí agus baill foirne BOO ar chomhdhálacha BOO, ar laethanta agus seisiúin faisnéise SOLAS, mar a bhain siad le BOO, le láithreachtaí BOOLI ag imeachtaí den sórt sin a chinntiú. Is comhalta gníomhach é BOOLI de gach comhlacht, gníomhaireacht agus eagraíocht páirtithe leasmhara ábhartha, go háitiúil agus go náisiúnta, agus ghlac sé páirt in imeachtaí éagsúla dá bhfuair sé cuireadh agus ar chuir BOOLI tús leo i rith 2019.

Gníomhaíochtaí:

Rinne seirbhísí Treorach agus Earcaíochta do Dhaoine Fásta BOO de chuid BOOLI rannchuidiú trí bhithin 250 caidreamh ar leithligh le páirtithe leasmhara agus le gníomhaireachtaí a chur ar fáil.

Spríoc 5: Tacú le cultúr forbartha leanúnaí i measc na foirne

5.1 Straitéis FGL do BOOLI

Tugadh teimpléad pleanála FGL a forbraíodh agus a comhaontaíodh le SOLAS chun críche in 2019.

Soláthróidh BOOLI tacaíocht leanúnach do bhainisteoirí, do cheannairí agus do bhaill foirne trí bhíthin meantóireacht agus FGL spriocdhírthe.

Is gníomhaíocht leanúnach í meantóireacht foirne ag bainisteoirí BOO. D'fhreastail bainisteoirí BOO ar oiliúint bhainistíochta arna heagrú ag BOOLI i Ráithe 3 agus i Ráithe 4. Leanfar leis an obair chun plean bliantúil a fhorbairt do FGL ina sainaitheofar réimsí sonracha tosaíochta agus a bheidh ag teacht le Straitéis Forbartha Gairmiúla SOLAS 2017- 2019.

Leanfaidh an t-ionadaí FGL a d'ainmnigh BOOLI de bheith rannpháirteach i Líonra FGL BOOÉ FGL chun críche clár oibre FGL breisoideachais agus oiliúna a bhrú chun cinn. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar phlean FGL 2019 FGL in aghaidh na hoiliúna iarbhír a cuireadh ar fáil.

5.2 Foirne tras-fheidhme a fhorbairt chun cultúir den nuáil a chur chun cinn

Bhreithnigh BOOLI deiseanna chun foirne tras-fheidhme nua a fhorbairt, a d'fhéadfadh eagraíochtaí seachtracha a bheith ina measc.

Gníomhaíochtaí:

- Tá roinnt foirne tras-fheidhme cruthaithe de bharr obair na trí ghrúpa rialachais Dearbhú Cáilíochta in 2019 agus déanfar forbairt agus leathnú air sin in 2020.
- Chabhraigh an comhoibriú idir Treoir agus Earcaíocht BOO leis na foghlaimeoirí BOO go léir.

Chabhraigh ceardlanna ar bhainistiú riosca le deiseanna nua a chruthú d'fhonn comhoibriú a dhéanamh ar chur chuige nua sruthlínithe a fhorbairt agus ar thuiscint níos fearr a fháil ar chuspóir agus ar luach na gclár.

Tuarascáil 2019 – Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin (TFE)

Le Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin, dírtear ar sheirbhísí neamhfhoghlama a sholáthar atá riachtanach chun cabhrú le hoideoirí agus le teagascóirí díriú ar na seirbhísí díreacha d'fhoghlaimoírí lena chinntiú go mbeidh eispéireas foghlama ardchaighdeáin acu.

Déantar na seirbhísí sin a sholáthar trí bhíthin bhaill foirne túslíne, eadhon rúnaithe agus foireann riaracháin in ionaid bhreisoideachais agus oiliúna agus ó na hoifigí riaracháin fadbhunaithe i mBaile Átha Luain, sa Longfort agus sa Cheannoifig sa Mhuileann gCearr. Tá na baill foirne riaracháin sna hoifigí sin ailínithe le feidhmeanna éagsúla in Airgeadas, Acmhainní Daonna, Rialachas Corparáideach agus Seirbhísí, Bainistiú TFC, Soláthar, Párolla, Bainistiú Saoire agus i réimsí eile de réir mar is gá. Tá cúraimí fairsinge ar gach ceann de na réimsí sin agus tá siad riachtanach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an eagraíocht le riachtanais i ndáil le rialachas corparáideach fad a bhíonn sí in ann riachtanais a chomhlíonadh faoin raon fairsing reachtaíochta a bhfuil tionchar aici ar an eagraíocht.

Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna ardchálíochta, foghlaimoirlárnacha a sholáthar

1.3 Pleanáil agus comhordú clár

Ceadaíodh an Plean Seirbhísí 2019 i mí an Mhárta 2019

2.4 Áiseanna agus acmhainní a fheabhsú

Rinne an Grúpa Náisiúnta Réadmhaoine athbhreithniú ar na sonraíochtaí uasghrádaithe a theastaíonn ón nGrúpa Náisiúnta Réadmhaoine chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais sainaitheanta na hEarnála Breisoideachais agus Oiliúna amach anseo, agus rinne moltaí ina leith.

Tá leathnú suntasach ar thairiscint na gCreatáil Imsoláthróra curtha i bhfeidhm ag BOOLI ar fud réimse na nÁbhar Ranga. Tá sé chreat déag tugtha chun críche go dtí seo agus tá naoi gcinn eile forbartha againn sa réimse maidir le soláthar Seirbhísí.

Tá Plean Soláthair Chorporáidigh forbartha ag BOOLI do 2020, bunaithe ar ghníomhaíocht caiteachais 2018, ag teacht leis an teimpléad a comhaontaíodh go náisiúnta agus a d'eisigh BOOÉ.

Tá tionscadal gníomhach ag BOOLI chun 'Méadair Chliste' don leictreachas a chur i bhfeidhm ar gach suíomh agus tá siad á n-eagrú chun fothú a dhéanamh díreach chuig néal Monatóireachta agus Tuairiscithe an SEAI. Bainfear úsáid as an bhfaisnéis sin chun an clár réadmhaoine uasghrádaithe a líonadh ar bhonn an tsuímh.

Tá tuarascálacha AMA coimisiúnaithe ag SEAI agus eisithe chuig BOOLI (tuarascálacha ar chaighdeán struchtúr agus ábhar ár bhfoirgneamh a thugann treoir faoi choigilteas fuinnimh féideartha sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma) maidir le sé scoil agus ceithre ionad dár gcuid. Ullmhaíodh dhá thionscadal déag chun forbairt a dhéanamh ar ár scoileanna agus ionad bunaithe ar na tuarascálacha sin. Tá sínte suntasacha ag an gCéim Deartha ag BOOLI maidir le dhá scoil, agus tá éascaíocht á déanamh ar shínte ceadaithe maidir le dhá scoil náisiúnta.

Sprioc 3: Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chothú

3.1 Straitéis TFC lena n-áirítear struchtúir maidir le hathúsáid córas agus clár

Leanadh leis an bhforbairt chórasach ar ár dtimpeallacht agus struchtúr TFC in 2019. Tá Plean Athshlánaithe ó Thubaiste dár gcórais cheannoifige ríthábhachtacha á gcur i bhfeidhm faoi láthair agus ba chóir go mbeadh siad tugtha chun críche faoi dheireadh Ráithe 1 2020. Rinneadh dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ar fhorbairt ár mbrandála in 2019 agus tá doiciméid SharePoint don rannóg “Gach Ball Foirne” á mbrandáil faoi láthair.

3.2 Straitéis Cumarsáide a fhorbairt

Tá córas teileafóin VOIP nua faighte ag BOOLI agus é rollta amach chuig an gCeannoifig, Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain, Oifig an Longfoirt agus cúig scoil. Tá struchtúr curtha ar SharePoint agus doiciméid á n-uaslódáil air. Mar a cuireadh in iúl thuas, tá athbhreithniú deiridh á dhéanamh ar an láithreán gréasáin sula gcuirfeadh i bhfeidhm é. Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2019.

3.3 Foirne comhoibríocha a chruthú

Mar chuid den athbhreithniú ar éifeachtúlacht agus éifeachtach an cholúin Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin, agus ag súil le tionchar na Seirbhíse Comhroinnte Párolla nua, cruthaíodh grúpa cuimsitheach tras-rannóige dar teideal an Grúpa Chinn Rannóg. Dírionn sé go príomha ar an tionchar a bheidh ag an gcóras seirbhísí comhroinnte nua Acmhainní Daonna agus Párolla.

Cuireadh athrú ar struchtúr na rannóg éagsúla ar feadh thréimhse an tionscadail agus le haghaidh an bainistiú athraithe ar ról a bheidh mar thoradh ar an tionscadal. Cruthaíodh meithle oibre laistigh de na rannóga go léir d’fhonn na nósanna imeachta agus beartais a úsáidfeadh chun Lámhleabhar Oibriúcháin BOOLI a chruthú a chaighdeánú agus a bhrandáil de réir na rannóg sin.

Cruthaíodh foireann nua maidir le comhlíonadh RGCS sa Cheannoifig a thacaíonn le riachtanais scoileanna agus na nIonad Breisoideachas agus Oiliúna. Baineann an fhoireann úsáid as modhanna cumarsáide éagsúla chun comhlíonadh RGCS a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt ina leith. Cheap an fhoireann RGCS plean gníomhaíochta chun tacaíocht incriminteach a thabhairt do chomhlíonadh iomlán a fhorbairt agus cheap siad Ceisteanna a Chuirtear go Minic chun cabhrú le baill foirne i scoileanna agus in ionaid áitiúla.

Tá cuir i láthair a bhain le suíomhanna sonracha déanta ag BOOLI do na baill foirne sna suíomhanna go léir ar bhonn rollta. Rinne seacht gcur i láthair in 2019. Rinne an fhoireann RGCS dhá iniúchadh réamhfhógartha dhéag in 2019 agus tá an timthriall iomlán iniúchtaí le tabhairt chun críche in 2020. Tá sé shárú ar shonraí curtha in iúl don Choimisinéir Cosanta Sonraí ag BOOLI, agus bainistiú déanta orthu, ó tugadh RGCS isteach. Láimhseáladh sé iarratas ar shonraí.

Sprioc 4: Forbairt ar struchtúir eagrúcháin éifeachtacha a bhrú chun cinn

4.1 Forbairt ar an struchtúr eagrúcháin a bhrú chun cinn

In 2018 agus 2019, bhain beirt bhall foirne sa rannóg soláthair teastas amach i gcúrsa ar leibhéal 8 arna thairiscint ag BOOÉ trí choláiste tríú leibhéal. Ina theannta sin, mar thoradh ar an athbhreithniú ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht an struchtúir TFE, tá atheagrú ar bhonn níos inbhuanaithe déanta ar an rannóg soláthair. Baineadh úsáid as tabhairt isteach sé chreat ilsoláthróra dhéag mar chur chuige chun méadú a chur ar an gcomhlíonadh le reachtaíocht soláthair agus cheadaigh an Coiste Airgeadais é i mí na Samhna 2019, mar ab amhlaidh leis an bPlean Soláthair Chorpáraidigh do 2020.

Tá feabhsú ar an gcóras stoic fós ar siúl agus beidh sé san áireamh sa phlean do 2020. Fuair an rannóg Seirbhísí Corparáideacha méadú ar acmhainní mar thoradh ar an athbhreithniú ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht fheidhmeanna TFE. Teastaíonn sin chun deis a thabhairt dó déileáil go héifeachtach leis an méadú ar riachtanais mar thoradh ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta RGCS, chomh maith leis an obair ar bhrandáil agus ar forbairt an láithreáin ghréasáin.

Tugadh tacaíocht do rannóg na bPinsean chun comhlíonadh na reachtaíochta pinsean a fheabhsú. B'éigean cúrsaí párolla, saoire agus acmhainní daonna a atheagrú mar thoradh ar an tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Pinsean. Mar thoradh ar na hathruithe sin go léir ar Phinsin, Saoire, Taisteal agus Cothabháil agus RGCS, tá gá le FGL a sholáthar ar bhonn cuí, ó thaobh scileanna nua a fhorbairt sa mheánbhainistíocht ar Bhainistiú Daoine (oiliúint ar 25 bhall foirne) nó ar phróiseáil focal/clóscríobh (oiliúint ar dheichniúr) agus ar an gcóras nua Seirbhísí Comhroinnte Párolla CoreHR (oiliúint ar ochtar déag).

4.2 Cur chuige a fhorbairt chun cumas bainistithe athraithe a chruthú

Tá léiriú ar an bhforbairt ar an acmhainn athraithe sna tionscadail éagsúla a neadaíodh le bliain anuas agus san atheagrú foirne de bharr sheirbhísí comhroinnte Párolla. Ghlac formhór na foirne riaracháin (seasca faoin gcéad) le róil nua le linn na bliana.

4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI

Thug BOOLI beartas nua maidir le Coinbhleacht Leasa isteach i mí na Samhna 2019. Rinneadh dul chun cinn mór ar Bhainistiú Riosca ar fud BOOLI in 2019. Tá forbairt déanta againn ar na Pleananna Bainistiú Riosca ar leibhéal scoile agus Ionad BOO agus ar leibhéal Rannóige laistigh de TFE. Tá Plean Bainistithe Riosca amháin ann do gach ceann de na colúin (Scoileanna, BOO agus TFE). Tá plean foriomlán amháin ann freisin do BOOLI. Tá an t-aistriú chuig an uirlis bainistiú riosca nua ó IPB ar bun agus beidh sé tugtha chun críche faoi dheireadh Eanáir 2020. Tá an uirlis IPB leagtha amach chun léargas níos fearr a thabhairt ar an dul chun cinn a dhéantar sa bhliain.

4.4 Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus i bhfóiraim náisiúnta

Déanann na baill foirne sinsearacha TFE go léir caidreamh leis an bhfóram cuí ag BOOÉ, lena n-áirítear Airgeadas, Seirbhísí Corparáideacha, Soláthar, Acmhainní Daonna agus Stiúrtóir an Fhóiraim TFE.

Sprioc 5: Tacú le cultúr forbartha leanúnaí i measc na foirne

5.1 Straitéis FGL do BOOLI

Rinne Acmhainní Daonna suirbhé foirmiúil ar Scileanna agus tá sé á úsáid chun plean FGL a cheapadh do 2020. Eagraíodh soláthar FGL ghinearálta agus spriocdhírithé do Bhaill Foirne, ar Ghlacadh Nótaí, Próiseáil Focal agus Clóscríobh (deich mball foirne), Bainistiú Daoine (cúig bhall foirne is fiche), Pinsin (tugtha chun críche ag beirt agus tosaithe ag beirt eile), Soláthar (tugtha chun críche ag beirt in 2019 chuig leibhéal 8, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann).

5.2 Foirne tras-fheidhme a fhorbairt chun cultúir den nuáil a chur chun cinn

Is í an fhoireann Sheirbhísí Comhroinnte Párolla an fhoireann tras-fheidhme nua is mó. Tabharfaidh an fhoireann sin Seirbhís Chomhroinnte Párolla agus córas Acmhainní Daonna iomlán isteach, chomh maith le nósanna imeachta agus próisis a dhéanfar a chaidheánú ar leibhéal náisiúnta.

Ráitis Airgeadais 2019

Tugtar ar aird go raibh Ráiteas Oibriúcháin BOOLI don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 faoi réir ag iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an tráth ar foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil BOOLI le haghaidh 2019. Foilseoidh BOOLI na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin ó dhéantar iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus nuair a bheidh siad ceadaithe ag Tithe an Oireachtais.

Glacann Bord BOOLI leis go bhfuil sé freagrach as Bainistiú Riosca don eagraíocht agus feidhmíonn an fhreagracht seo trí bhíthin brath ar an Athbhreithniú arna dhéanamh ag roinnt comhlachtaí agus fochoistí. Braitheann an Bord ar an Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí agus ar a thuarascálacha. Braitheann sé ar iniúchadh bliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ar aon Iniúchadh seachtrach amhail iniúchadh ESF agus/nó iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim. Braitheann an Bord ar obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca freisin chun fiosrú a dhéanamh ar réimsí tráthúla a bheith á reáchtáil go cuí sa Speictream Bainistiú Riosca. Ina theannta sin, tá athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha a dhéantar ar bhonn bliantúil. D'eisigh an IAU athbhreithniú ar rialú inmheánach BOOLI i mí Feabhra 2019.

Ba iad na Bunrioscanna a aithníodh ag deireadh na bliana 2019 ná Leanúnachas Gnó agus Athshlánú ó Thubaiste, an easpa múinteoirí ionaid atá ar fáil, Soláthar GDPR, Pinsin, scála agus líon na dtograí leanúnacha, nach bhfuil struchtúr foirne na heagraíochta comhaontaithe, struchtúr na foirne, an t-ardú atá tagtha faoi láthair ar líon agus ar chastacht riachtanais na Roinne maidir le tuairisciú agus na tréimhsí atá tugtha chun an réamhobair a dhéanamh thar a bheith gearr agus cothabháil na n-oibreacha ar na hacmhainní airgeadais thar a bheith srianta atá ann faoi láthair.

Tá Bord BOOLI freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil seo agus na Ráitis Airgeadais do 2019 a ullmhú. Leagtar amach thíos an bunús leis na ráitis airgeadais. An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a dhéanann iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais bhliantúla. Is é tuairim an Bhoird gur léiriú ar staid ghnóthaí BOOLI í an fhaisnéis a chuirtear faoinár mbráid sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Comhlíonann BOOLI an Cód Cleachtais maidir le Rialachas an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí bhíthin mionsonraí a chur san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla a bhaineann le

- mionsonraí comhiomlána ar chúiteamh a bpríomhbhainistíochta agus anailís air sin de réir na gcatagóirí cuí.
- mionsonraí faoin líon fostaithe a thit a sochair fostaithe iomlána (gan costais phinsin fostóirí san áireamh) don tréimhse tuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá €10,000 ó €60,000 aníos, agus figiúr foriomlán don líon iomlánranníocaíochtaí pinsin fostóra.

Deimhníonn BOOLI go bhfuil Cód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a rialú 2019 glactha agus go bhfuiltear ag cloí le riachtanais chothrom le dáta an chóid inár gcleachtais agus nósanna imeachta rialachais.

Deimhníonn Cathaoirleach BOOLI go bhfuiltear ag cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí, leis an dlí cánach agus le reachtaíocht soláthair. Deimhníonn an Cathaoirleach go bhfuil a Phlean Soláthair Chorpáidigh curtha i bhfeidhm.

Deimhníonn an Cathaoirleach go bhfuil Ráiteas ar Rialú Inmheánach san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus go bhfuil siad mar chuid d'aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh chuig an Aire.

Ullmhaítear na ráitis Airgeadais Bhliantúla ar an mbunús seo a leanas:

1. Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hlarmhí an 1 Iúil 2013 agus leagtar amach a fheidhmeanna in alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

2. Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha

(a) Bunús an Chuir i Láthair

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair i bhfoirm arna ceadú ag an Aire Oideachais agus Scileanna le toiliú ón Aire Airgeadais agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá siad comhdhéanta de Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, Ráiteas Oibriúcháin, Ráiteas maidir le Sócmhainní agus Dlíteanais Reatha agus Nótaí leis na Ráitis Airgeadais.

Nuair is gá, athluadh na figiúir chomparáideacha don bhliain roimhe ar an mbunús céanna leis na cinn don bhliain reatha.

(b) Bunús an Ullmhúcháin

Cuirtear Fáltais agus Íocaíochtaí de réir Ghrúpáil Chlár sa Ráiteas Oibriúcháin agus déantar coigeartú ar an mBarrachas / (Easnamh) Airgid Thirim dá bharr le haghaidh gluaiseachtaí féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile d'fhonn an toradh foriomlán a chinneadh don tréimhse ar bhonn fabhráithe.

Ullmhaítear an Ráiteas maidir le Sócmhainní agus Dlíteanais Reatha ar bhonn fabhráithe trí bhíthin deontas stáit agus iarmhéideanna maoinitheora eile ar mhéideanna a léiríonn an caiteachas iarmhír gaolmhar a rinneadh agus de réir rialacha maidir le maoiniú.

Cuirtear Féichiúnaithe Tríú Páirtí san áireamh ar Shócmhainní Reatha. Cuirtear Dlíteanais Phá agus Chaiteachais san áireamh ar Dhlíteanais Reatha.

(c) Sócmhainní seasta inláimhsithe

Cláraítear na sócmhainní go léir a cheannaítear, lena n-áirítear talamh agus foirgnimh, daingneáin agus feistis agus trealamh oiliúna sa bhliain ina gceannaítear iad. Aithnítear deontais Stáit chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach sa bhliain chéanna.

(d) Stoic

Cláraítear an stoc inchaite go léir de réir mar a cheannaítear iad.

(e) Aoisliúntas

Bronntar teidlíochtaí pinsin bhaill foirne BOOLI, lena n-áirítear na daoine a d'aistrigh ó SOLAS, faoi scéimeanna sochair shainithe.

Coinníonn BOOLI asbhaintí aoisliúntais a dhéantar ó phá fostaithe i ndáil leis na scéimeanna mar chuid de mhaoiniú Stáitchiste comhaontaithe, nó íoctar iad leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ní dhéanann BOOLI ranníocaíochtaí pinsin ar bith i dtreo na scéimeanna.

Feidhmítear na scéimeanna neamh-mhaoinithe sin ar bhonn íoc mar a thuilleann tú.

Déanann Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte na teidlíochtaí pinsin bliantúla a íoc go díreach thar ceann BOOLI. Tá Boird Oideachais agus Oiliúna freagrach as a bpinsin a riar. Cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú Pinsin ar fáil.

Níl soláthar déanta sna ráitis airgeadais do chostas reatha shochar na todhchaí atá fabhráithe do bhaill foirne agus do phinsinéirí reatha faoi na scéimeanna sin.

(f) Cíosanna Léasa

Cláraítear na cíosanna léasa go léir de réir mar a thabhaítear iad.

Ráitis Airgeadais 2019**Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí****Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2019**

	Year ended 31/12/2019
	€
FÁLTAIS	
Deontais d'Iar Bhunscoileanna agus don Cheannoifig	27,321,441
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	24,909,094
Deontais i Leith Seirbhísí Óige	804,294
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe	1,822,408
Deontais Chaipitil	1,232,114
	<u>56,089,351</u>
ÍOCAÍOCHTAÍ	
Scoileanna & an Cheannoifig	27,076,958
Breisoideachas agus Oiliúnt	23,918,193
Seirbhísí Óige	705,492
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe	1,404,834
Deontais Chaipitil	775,175
	<u>53,880,652</u>
Barracha/(Easnamh) Airgid Thirim don Tréimhse	2,208,699
Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile	(2,209,775)
Barrachas Ioncaim Fabhraithe/(Easnamh) don Tréimhse	(1,076)
Barrachas/(Easnamh) Ioncaim amhail an 1 Eanáir 2019	743
Barrachas/(Easnamh) Ioncaim an 31 Nollaig 2019	(333)

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí**Ráiteas maidir le Glansócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019**

	An bhliain dar críoch
	31/12/2019
	€
Sócmhainní Reatha	
Deontais Athfhillteacha Stáit	452,244
Deontais Chaipitil Stáit	374,140
Deontais Athfhillteacha Eile	751
Féichiúnóirí Tríú Páirtí	290,467
Iarmhéid Bainc	4,935,649
	<u>6,053,251</u>
Dlíteanais Reatha	
Deontais Athfhillteacha Stáit	2,449,820
Deontais Chaipitil Stáit	1,157,069
Deontais Athfhillteacha Eile	616,566
Dlíteanais Pá & Costais	1,830,129
	<u>6,053,584</u>
Glansócmhainní Reatha/(Dlíteanais)	<u>(333)</u>
Atá le feiceáil ag	
Barrachas/(Easnamh) Ionacaim	<u><u>(333)</u></u>
Anailís ar an mBarrachas/(Easnamh) Ionacaim	
	Barrachas/(Easnamh)
	Coinnithe
	31/12/2019
	€
Clár	
Scoileanna & an Cheannoifig	(1,437)
Tionscadail Féinmhaoinithe	1,104
	<u>(333)</u>

Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh: De réir scálaí pá a cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scoileanna, íocadh €122,233 (gan ÁSPC fostóirí san áireamh) leis an bPríomhfheidhmeannach sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019. Fuair an Príomhfheidhmeannach speansais taistil baile €7,419 in 2019 agus níor thaistil sé thar lear ar ghnó BOOLI i rith 2019.

Aguisín 1

Freastal ar Chruinnithe Chomhaltaí Boird BOOLI Eanáir - Meitheamh 2019

Comhalta Boird	22 Eanáir	26 Feabhra	26 Márta	Líon Cruinnithe Boird ar ar Freastalaíodh Ean – Meith 2019
An Comh. Seamus Butler	I láthair	I láthair	I láthair	3/3
An Comh. Sorca Clarke	Leithscéal Déanta	I láthair	I láthair	2/3
An tAth. Paul Connell	I láthair	Leithscéal Déanta	I láthair	2/3
An Comh. Una D’Arcy	I láthair	I láthair	I láthair	3/3
An Comh. Michael Dollard	I láthair	I láthair	I láthair	3/3
An Comh. Tom Farrell	I láthair	I láthair	I láthair	3/3
An tUasal Declan Flanagan	I láthair	I láthair	I láthair	3/3
An Comh. Ken Glynn	I láthair	Leithscéal Déanta	I láthair	2/3
Celine Kearney Medforth, Uasal	I láthair	Leithscéal Déanta	I láthair	2/3
An Comh. Frankie Keena	I láthair	I láthair	I láthair	3/3
An Comh. Liam McDaniel	I láthair	Leithscéal Déanta	I láthair	2/3
An tUasal Mark Murphy	I láthair	I láthair	Leithscéal Déanta	2/3
Tess Murphy, Uasal	n/a	n/a	I láthair	1/1
An Comh. Peggy Nolan	I láthair	I láthair	Leithscéal Déanta	2/3
An tUasal Patrick O’ Rourke	I láthair	I láthair	Leithscéal Déanta	2/3
An Comh. Pat O’ Toole	I láthair	I láthair	I láthair	3/3
An Comh. Mae Sexton	I láthair	Leithscéal Déanta	Leithscéal Déanta	1/3
Pauline Smyth, Uasal	Leithscéal Déanta	Leithscéal Déanta	I láthair	1/3
An Comh. Emily Wallace	I láthair	Leithscéal Déanta	I láthair	2/3
Denise Watkins, Uasal	Leithscéal Déanta	I láthair	I láthair	2/3

Freastal ar Chruinnithe Chomhaltaí Boird BOOLI Iúil - Nollaig 2019

Comhalta Boird	30 Iúil (Cruinniú tar éis an Toghcháin)	30 Iúil (Dara Cruinniú)	24 Meán Fómhair	15 Deireadh Fómhair	18 Samhain	Líon Cruinnithe Boird ar Freastáladh Orthu Iúil – Noll 2019
An tUasal Luke Casserly	n/a	n/a	I láthair	I láthair	Leithscéal Déanta	2/3
An tUasal Donie Cassidy	n/a	n/a	I láthair	I láthair	I láthair	3/3
An Comh. Aoife Davitt	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
An Comh. John Dolan	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
An Comh. Michael Dollard	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
Josephine Donohue, Uasal	n/a	n/a	I láthair	Leithscéal Déanta	I láthair	2/3
Niamh Ginnell, Uasal	n/a	n/a	I láthair	I láthair	I láthair	3/3
An Comh. Ken Glynn	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
An Comh. Gerry Hagan	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
An tUasal Colm Harte	n/a	n/a	I láthair	I láthair	I láthair	3/3
An Comh. Louise Heavin	I láthair	I láthair	I láthair	Leithscéal Déanta	I láthair	4/5
An Comh. Frankie Keena	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
An Comh. Denis Leonard	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
Kathleen McGahern, Uasal	n/a	n/a	n/a	I láthair	Leithscéal Déanta	1/2
Caroline Murphy, Uasal	n/a	I láthair	n/a	n/a	n/a	1/1
An tUasal Mark Murphy	n/a	I láthair	I láthair	Leithscéal Déanta	I láthair	3/4
An Comh. Garry Murtagh	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
An Comh. Peggy Nolan	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
Mary O' Brien, Uasal	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
An Comh. Pat O' Toole	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
An Comh. Emily Wallace	Leithscéal Déanta	Leithscéal Déanta	Leithscéal Déanta	I láthair	Leithscéal Déanta	1/5
An tUasal Colin Whyte	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5

Aguisín 2

Freastal ar Chruinnithe an Choiste Iniúchta Eanáir – Meitheamh 2019

Comhalta Coiste	10 Eanáir	31 Eanáir	18 Feabhra	20 Márta
An Comh. Sorca Clarke	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An Comh. Tom Farrell	n/a	n/a	I láthair	Leithscéal Déanta
An tUasal Stephen Kerr	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An tUasal Thomas McDermott	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An tUasal James O'Keeffe	Leithscéal Déanta	n/a	n/a	n/a
An tUasal Pat O'Rourke	I láthair	Leithscéal Déanta	I láthair	I láthair
An tUasal Gerard Quirke	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair

Freastal ar Chruinnithe an Choiste Iniúchta & Riosca Iúil – Nollaig 2019

Comhalta Coiste	05 Nollaig
An tUasal Donie Cassidy	I láthair
An tUasal John Duffy	I láthair
An Comh. Gerry O'Hagan	Leithscéal Déanta
An tUasal Pat O'Rourke	I láthair
Kathleen McGahern, Uasal	I láthair
An tUasal Gerry Quirke	I láthair

Freastal ar Chruinnithe an Choiste Airgeadais Eanáir – Meitheamh 2019

Comhalta Coiste	18 Feabhra	19 Márta
An Comh. Michael Dollard	I láthair	I láthair
An tUasal Hugh Farrell	I láthair	I láthair
Ann Nugent, Uasal	I láthair	I láthair
An Comh. Pat O'Toole	I láthair	I láthair

Freastal ar Chruinnithe an Choiste Airgeadais Iúil – Nollaig 2019

Comhalta Coiste	03 Nollaig
An Comh. Michael Dollard	I láthair
An Comh. John Dolan	I láthair
An tUasal John Duffy	I láthair
An tUasal Hugh Farrell	I láthair
Ann Nugent, Uasal	I láthair
An Comh. Pat O'Toole	I láthair



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna**
Department of
Education and Skills

Tionscadail arna dtacú i bpáirt ag Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de Chlár CSE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020.

